Comhairle an Aontais Eorpaigh

An Bhruiséil, 24 Deireadh Fómhair 2025
(OR. en)

14283/25

Comhad Idirinstitiúideach:
2023/0202(COD)

CODEC 1588
DATAPROTECT 260
JAI 1495
DIGIT 206
MI 803
FREMP 278
PE 77

**NÓTA FAISNÉISE**

| | |
|---|---|
| ó: | Ardrúnaíocht na Comhairle |
| chuig: | Coiste na mBuanionadaithe/An Chomhairle |
| Ábhar: | Togra le haghaidh RIALACHÁN Ó PHARLAIMINT NA hEORPA AGUS ÓN gCOMHAIRLE lena leagtar síos rialacha nós imeachta breise a bhaineann le forfheidhmiú Rialachán (AE) 2016/679<br>- An toradh ar an gcéad léamh i bParlaimint na hEorpa<br>(Strasbourg, an 20 go dtí an 23 Deireadh Fómhair 2025) |

## I. RÉAMHRÁ

I gcomhréir le forálacha Airteagal 294 CFAE agus leis an dearbhú comhpháirteach maidir le socruithe praiticiúla le haghaidh nós imeachta na comhchinnteoireachta[1], bhí roinnt teagmhálacha neamhfhoirmiúla ann idir an Chomhairle, Parlaimint na hEorpa agus an Coimisiún d’fhonn teacht ar chomhaontú faoin togra seo ar an gcéad léamh.

Sa chomhthéacs sin, thíolaic Cathaoirleach an Choiste um Shaoirsí Sibhialta, um Cheartas agus um Ghnóthaí Baile (LIBE), Javier ZARZALEJOS (EPP, ES), thar ceann LIBE, leasú comhréitigh (leasú uimhir 215) ar an togra thuasluaite le haghaidh Rialacháin, ar ullmhaigh an rapóirtéir Markéta GREGOROVÁ (Na Glasaigh/EFA, CZ) dréacht-tuarascáil ina leith. Is le linn na dteagmhálacha neamhfhoirmiúla dá dtagraítear thuas a comhaontaíodh an leasú sin. Níor cuireadh aon leasuithe eile síos.

[1] IO C 145, 30.6.2007, lch. 5.

## II. VÓTÁIL

Nuair a vótáladh ag an suí iomlánach an 21 Deireadh Fómhair 2025, glacadh an leasú comhréitigh (leasú uimhir 215) ar an togra thuasluaite le haghaidh Rialacháin. Is é atá sa togra ón gCoimisiún arna leasú amhlaidh an seasamh ón bParlaimint ar an gcéad léamh, atá le fáil ina rún reachtach mar a leagtar amach san Iarscríbhinn a ghabhann leis seo é[2].

Léirítear leis an seasamh ón bParlaimint an méid a comhaontaíodh roimhe sin idir na hinstitiúidí. Dá bhrí sin, ba cheart go mbeadh an Chomhairle in ann an seasamh ón bParlaimint a fhormheas.

D'fhéadfaí an gníomh a ghlacadh ina dhiaidh sin san fhoclaíocht a fhreagraíonn don seasamh ón bParlaimint.

---

[2] Rinneadh an leagan sin den seasamh ón bParlaimint atá le fáil sa rún reachtach a mharcáil chun na hathruithe a léiriú a rinneadh de bharr na leasuithe ar an togra ón gCoimisiún. Is le ***cló trom agus cló iodálach*** a aibhsítear aon ní a cuireadh leis an téacs ón gCoimisiún. Is leis an tsiombail '▌ ' a léirítear téacs a scriosadh.

## P10_TA(2025)0238

# An Rialachán Ginearálta um Chosaint Sonraí: rialacha nós imeachta breise maidir le forfheidhmiú an Rialacháin

**Rún reachtach ó Pharlaimint na hEorpa an 21 Deireadh Fómhair 2025 ar an togra le haghaidh rialacháin ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle lena leagtar síos rialacha nós imeachta breise a bhaineann le forfheidhmiú Rialachán (AE) 2016/679 (COM(2023)0348 – C9-0231/2023 – 2023/0202(COD))**

**(An gnáthnós imeachta reachtach: an chéad léamh)**

*Tá Parlaimint na hEorpa,*

– ag féachaint don togra ón gCoimisiún chuig Parlaimint na hEorpa agus chuig an gComhairle (COM(2023)0348),

– ag féachaint d'Airteagal 294(2) agus d'Airteagal 16 den Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh, ar dá mbun a thíolaic an Coimisiún an togra do Pharlaimint na hEorpa (C9-0231/2023),

– ag féachaint d'Airteagal 294(3) den Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh,

– ag féachaint don tuairim réasúnaithe a thíolaic Parlaimint na Sualainne, faoi chuimsiú Phrótacal Uimh. 2 maidir le prionsabail na coimhdeachta agus na comhréireachta a chur i bhfeidhm, á mhaíomh nach gcomhlíonann an dréachtghníomh reachtach prionsabal na coimhdeachta,

– ag féachaint do thuairim ó Choiste Eacnamaíoch agus Sóisialta na hEorpa an 13 Nollaig 2023[1],

– ag féachaint don chomhaontú sealadach arna fhormheas de bhun Riail 75(4) dá Rialacha Nós Imeachta ag an gcoiste freagrach, agus don ghealltanas a thug ionadaí na Comhairle i litir dar dáta an 27 Meitheamh 2025 go ndéanfadh sí seasamh Pharlaimint na hEorpa a fhormheas, i gcomhréir le hAirteagal 294(4) den Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh,

– ag féachaint do Riail 60 dá Rialacha Nós Imeachta,

---

[1] IO C, C/2024/1578, 5.3.2024, ELI: http://data.europa.eu/eli/C/2024/1578/oj.

– ag féachaint don tuairim ón gCoiste um Ghnóthaí Dlíthiúla,

– ag féachaint don tuarascáil ón gCoiste um Shaoirsí Sibhialta, um Cheartas agus um Ghnóthaí Baile (A9-0045/2024),

1. ag glacadh a seasaimh ar an gcéad léamh mar a leagtar amach ina dhiaidh seo é[2];

2. á iarraidh ar an gCoimisiún an t-ábhar a tharchur chuig Parlaimint na hEorpa arís má dhéanann sé téacs eile a chur in ionad a thogra, má dhéanann sé a thogra a leasú go substaintiúil nó má tá sé ar intinn aige a thogra a leasú go substaintiúil;

3. á threorú dá hUachtarán a seasamh a chur ar aghaidh chuig an gComhairle, chuig an gCoimisiún agus chuig na parlaimintí náisiúnta.

---

2 Tá an seasamh seo ag gabháil in ionad na leasuithe a glacadh an 10 Aibreán 2024 (Téacsanna arna nglacadh, P9_TA(2024)0187).

**P10_TC1-COD(2023)0202**

**Seasamh ó Pharlaimint na hEorpa arna ghlacadh ar an gcéad léamh an 21 Deireadh Fómhair 2025 chun go nglacfaí Rialachán (AE) 2025/... ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle lena leagtar síos rialacha nós imeachta breise maidir le forfheidhmiú Rialachán (AE) 2016/679**

**(Téacs atá ábhartha maidir le LEE)**

TÁ PARLAIMINT NA hEORPA AGUS COMHAIRLE AN AONTAIS EORPAIGH,

Ag féachaint don Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh, agus go háirithe Airteagal 16 de,

Ag féachaint don togra ón gCoimisiún Eorpach,

Tar éis dóibh an dréachtghníomh reachtach a chur chuig na parlaimintí náisiúnta,

Ag féachaint don tuairim ó Choiste Eacnamaíoch agus Sóisialta na hEorpa[1],

Tar éis dóibh dul i gcomhairle le Coiste na Réigiún,

Ag gníomhú dóibh i gcomhréir leis an ngnáthnós imeachta reachtach[2],

---

1 IO C, C/2024/1578, 5.3.2024, ELI: http://data.europa.eu/eli/C/2024/1578/oj.
2 Seasamh ó Pharlaimint na hEorpa an 21 Deireadh Fómhair 2025.

De bharr an mhéid seo a leanas:

(1) Le Rialachán (AE) 2016/679 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle[3], bunaítear córas forfheidhmithe díláraithe arb é is aidhm dó a áirithiú go ndéanfar an Rialachán sin a léirmhíniú agus a chur i bhfeidhm go comhsheasmhach i gcásanna a bhaineann le próiseáil trasteorann. I gcásanna den sórt sin, éilítear leis an gcóras forfheidhmithe díláraithe comhar idir údaráis mhaoirseachta chun teacht ar chomhdhearcadh. I gcás nach féidir le húdaráis mhaoirseachta teacht ar chomhdhearcadh, foráiltear le Rialachán (AE) 2016/679 do réiteach díospóide ag an mBord Eorpach um Chosaint Sonraí (an 'Bord').

(2) Chun foráil a dhéanamh maidir le feidhmiú rianúil agus éifeachtach an tsásra comhair agus réitigh díospóidí dá bhforáiltear in Airteagail 60 agus 65 de Rialachán (AE) 2016/679, faoi seach, is gá rialacha a leagan síos maidir le stiúradh imeachtaí ag na húdaráis mhaoirseachta i gcásanna a bhaineann le próiseáil trasteorann, agus ag an mBord le linn réiteach díospóide, lena n-áirítear gearáin a láimhseáil. Is gá freisin, ar an gcúis sin, rialacha a leagan síos maidir le feidhmiú an chirt chun éisteacht a fháil ▌ sula nglacfaidh údaráis mhaoirseachta agus, de réir mar a bheidh, an Bord cinntí.

▌

[3] Rialachán (AE) 2016/679 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 27 Aibreán 2016 maidir le daoine nádúrtha a chosaint i ndáil le sonraí pearsanta a phróiseáil agus maidir le saorghluaiseacht sonraí den sórt sin, agus lena n-aisghairtear Treoir 95/46/CE (An Rialachán Ginearálta maidir le Cosaint Sonraí) (IO L 119, 4.5.2016, lch. 1, ELI: http://data.europa.eu/eli/reg/2016/679/2016-05-04).

*(3)* ***In éagmais rialacha an Aontais lena rialaítear an t-ábhar, is faoi gach Ballstát atá sé, i gcomhréir le prionsabal neamhspleáchas nós imeachta na mBallstát, rialacha mionsonraithe a leagan síos maidir le nósanna imeachta riaracháin agus breithiúnacha atá ceaptha chun ardleibhéal cosanta a áirithiú do chearta a dhíorthaíonn daoine aonair ó dhlí an Aontais. Dá bhrí sin, ba cheart feidhm a bheith ag dlí nós imeachta gach Ballstáit maidir leis na húdaráis mhaoirseachta a mhéid nach ndéantar ábhar a chomhchuibhiú leis an Rialachán seo, agus fad nach gcuirtear bac le rialacha nós imeachta náisiúnta den sórt sin ar phrionsabail na héifeachtachta agus an chomhionannais a bhaineann le dlí an Aontais.***

(4) ***Is é is aidhm don Rialachán seo a áirithiú go ndéanfar imscrúduithe i gcásanna a bhaineann le próiseáil trasteorann i gcomhréir le prionsabal an dea-riaracháin, agus go háirithe go ndéanfar iad go neamhchlaonta, go cothrom agus laistigh de thréimhse réasúnach ama. Sa Rialachán seo, dá bhrí sin, leagtar síos prionsabail chothrománacha a bhaineann leis na nósanna imeachta i bhforfheidhmiú Rialachán (AE) 2016/679 i gcásanna den sórt sin***.

*(5)* Is foinse bhunriachtanach faisnéise iad gearáin chun sáruithe ar rialacha cosanta sonraí a bhrath***. Is féidir le hargóintí agus fianaise ar féidir leo cabhrú le cur chun cinn an imscrúdaithe a bheith san áireamh san fhaisnéis a sholáthraíonn gearánaigh mar chuid den ghearán a thaisctear nó nuair a chuireann siad a dtuairimí in iúl.*** Is gá nósanna imeachta soiléire agus éifeachtúla a bhunú chun gearáin a láimhseáil i gcásanna a bhaineann le próiseáil trasteorann ós rud é go bhféadfaidh údarás maoirseachta déileáil leis an ngearán seachas an t-údarás lenar taisceadh an gearán.

*(6)* ***Ba cheart gearán a thuiscint mar éileamh arna thaisceadh ag ábhar sonraí le húdarás maoirseachta i gcomhréir le hAirteagal 77(1) nó Airteagal 80 de Rialachán (AE) 2016/679. Ní mheasfar gur gearán é nuair nach ndéantar ach tuairisc a dhéanamh ar sháruithe a líomhnaítear nach mbaineann le próiseáil sonraí pearsanta a bhfuil baint acu leis an ábhar sonraí, nó iarrataí ar chomhairle ó rialaitheoirí nó ó phróiseálaithe nó iarrataí ginearálta maidir le Rialachán (AE) 2016/679 a chur i bhfeidhm, ó rialaitheoirí, ó phróiseálaithe nó ó dhaoine nádúrtha.***

(7) ***Chun go mbeidh gearán a bhaineann le próiseáil trasteorann inghlactha, ba cheart faisnéis shonraithe a bheith ann. Níor cheart aon fhaisnéis sa bhreis ar an bhfaisnéis a shonraítear sa Rialachán seo a éileamh chun go mbeadh gearán den sórt sin inghlactha. Beidh feidhm i gcónaí ag módúlachtaí riaracháin agus ceanglais maidir le hinghlacthacht gearán faoi dhlí náisiúnta an údaráis maoirseachta lenar taisceadh gearán, amhail teanga, reacht na dtréimhsí, meán aitheantais, foirm leictreonach, teimpléad sonrach nó síniú.***

*(8)* ***D'fhéadfaí seoladh poist, áit chónaithe agus, i gcás ina mbeidh fáil air, seoladh ríomhphoist a áireamh i sonraí teagmhála an duine a thaisceann an gearán. Maidir leis an bhfíoras gur duine nádúrtha é gearánach nach bhfuil in ann feidhm a bhaint as a cheart nó a ceart chun gearán a thaisceadh gan cúnamh ó ionadaí dlíthiúil, mar shampla toisc gur leanbh é nó í nó toisc go bhfuil sé nó sí faoi mhíchumas nó go bhfuil sé nó sí leochaileach, agus dá bhrí sin go bhfuil cearta an duine sin á bhfeidhmiú trí dhuine eile, amhail tuismitheoir, caomhnóir dlíthiúil nó ball teaghlaigh, ar choinníoll go gceadaítear ionadaíocht den sórt sin faoin dlí náisiúnta, ní mór an fíoras sin a shainaithint go soiléir tráth a thaisctear an gearán.***

*(9)* ***I gcás inar comhlacht, eagraíocht nó comhlachas seachbhrabúsach dá dtagraítear in Airteagal 80 de Rialachán (AE) 2016/679 a thaisceann an gearán, ba cheart cruthúnas go bhfuil an comhlacht, an eagraíocht nó an comhlachas comhdhéanta mar is ceart i gcomhréir le dlí Ballstáit a sholáthar, in éineacht le ainm agus sonraí teagmhála comhlachta, eagraíochta nó comhlachais den sórt sin agus cruthúnas go bhfuil comhlacht, eagraíocht nó comhlachas den sórt sin ag gníomhú ar bhonn shainordú an ábhair sonraí. Cinntear na módúlachtaí agus nósanna imeachta do chruthúnas den sórt sin i gcomhréir le dlí Bhallstát an údaráis maoirseachta lena dtaisctear an gearán.***

***(10)*** ***Níor cheart ceangal a chur ar an ngearánach dul i dteagmháil leis an bpáirtí faoi imscrúdú sula dtaiscfidh sé gearán chun go mbeidh an gearán sin inghlactha. I gcás ina bhfuil baint ag an ngearán le feidhmiú cirt de chuid an ábhair sonraí atá ag brath ar an ábhar sonraí lena mbaineann iarraidh a dhéanamh ar an rialaitheoir, ba cheart an iarraidh sin a chur chuig an rialaitheoir sula dtaiscfear an gearán.***

*(11) Ba cheart don údarás maoirseachta lenar taisceadh an gearán a chinneadh, trí réamhchonclúid, an bhfuil baint ag an ngearán le próiseáil trasteorann, an bhfuil an t-údarás maoirseachta a thoimhdítear a bheith inniúil chun gníomhú mar phríomhúdarás maoirseachta i gcomhréir le hAirteagal 56(1) de Rialachán (AE) 2016/679, agus an bhfuil feidhm ag Airteagal 56(2) de Rialachán (AE) 2016/679. I gcás nár tionscnaíodh nós imeachta luathréitigh, ba cheart don údarás maoirseachta lenar taisceadh an gearán gearáin inghlactha a tharchur chuig an údarás maoirseachta a thoimhdítear a bheith inniúil chun gníomhú mar phríomhúdarás maoirseachta agus an gearánach a chur ar an eolas faoi sin. Ba cheart an cinneadh maidir le hinghlacthacht an ghearáin ag an údarás maoirseachta lenar taisceadh an gearán a bheith ina cheangal ar an bpríomhúdarás maoirseachta.*

*(12) Tá sé tábhachtach go n-éascóidh na húdaráis mhaoirseachta don ghearánach cur isteach na faisnéise uile is gá, mar shampla trí theimpléid nó foirmeacha leictreonacha a sholáthar, agus treoraíocht ábhartha ón mBord á gcur san áireamh acu. Is féidir le húdaráis mhaoirseachta taisceadh gearán i bhformáid leictreonach atá áisiúil don úsáideoir a éascú agus aird á tabhairt ar riachtanais daoine faoi mhíchumas, ar choinníoll go gcomhfhreagraíonn an fhaisnéis a iarrfar ar an ngearánach a thabhairt, go gcomhfhreagraíonn sí don fhaisnéis shonraithe a cheanglaítear. Níor cheart aon fhaisnéis bhreise a éileamh chun a chinneadh go bhfuil an gearán inghlactha.*

*(13) Chun láimhseáil gearáin a éascú, ba cheart do na húdaráis mhaoirseachta a bheith in ann faisnéis fhorlíontach a iarraidh ar an ngearánach. I gcás ina bhfuil cuid den fhaisnéis is gá chun go measfar gearán a bheith inghlactha ar iarraidh, d'fhéadfadh an t-údarás maoirseachta lenar taisceadh an gearán sin teagmháil a dhéanamh leis an ngearánach chun an fhaisnéis atá ar iarraidh a fháil i gcás inarb indéanta. I gcás nach bhfuil gearán inghlactha, ba cheart don údarás maoirseachta a dhearbhú go bhfuil sé neamh-inghlactha agus an gearánach a chur ar an eolas faoin bhfaisnéis atá ar iarraidh laistigh den spriocdháta dá bhforáiltear sa Rialachán seo, chun go mbeidh an gearánach in ann gearán inghlactha a thaisceadh.*

*(14)* ***Más rud é, tar éis gearán inghlactha a bhaineann le próiseáil trasteorann a fháil ó údarás maoirseachta, go n-éilíonn an príomhúdarás maoirseachta faisnéis bhreise ón ngearánach chun foráil a dhéanamh d'imscrúdú iomlán a dhéanamh ar an ngearán, ba cheart don údarás maoirseachta lenar taisceadh an gearán cuidiú leis an bpríomhúdarás maoirseachta, lena n-áirítear trí theagmháil a dhéanamh leis an ngearánach chun an fhaisnéis is gá a lorg más gá.***

*(15)* ***I gcás ina dtionscnóidh an príomhúdarás maoirseachta imscrúdú ar bhonn gearáin, ba cheart na páirtithe faoi imscrúdú a chur ar an eolas gan mhoill faoi thaisceadh an ghearáin sin agus faoina phríomhghnéithe. D'fhéadfaí soláthar faisnéise den sórt sin ag an bpríomhúdarás maoirseachta a chur siar, áfach, a fhad is gá chun sláine an imscrúdaithe a chosaint agus chun gur féidir bearta imscrúdaitheacha a dhéanamh go héifeachtach.***

*(16)* Chun feidhmiú éifeachtach na sásraí comhair agus comhsheasmhachta i gCaibidil VII de Rialachán (AE) 2016/679 a ráthú, tá sé tábhachtach go réiteofaí cásanna a bhaineann le próiseáil trasteorann ar bhealach tráthúil agus i gcomhréir le meon an chomhair dhílis agus éifeachtaigh is bonn le hAirteagal 60 de Rialachán (AE) 2016/679. Ba cheart don phríomhúdarás maoirseachta a inniúlacht a fheidhmiú faoi chuimsiú dlúthchomhair leis na húdaráis mhaoirseachta eile lena mbaineann. Ar an gcaoi chéanna, ba cheart do na húdaráis mhaoirseachta lena mbaineann páirt ghníomhach a ghlacadh in imscrúdú ag céim luath d'fhonn teacht ar chomhdhearcadh, agus leas iomlán á bhaint as na huirlisí dá bhforáiltear le Rialachán (AE) 2016/679. Tá sé tábhachtach go mbeidh an comhar idir na húdaráis mhaoirseachta bunaithe ar idirphlé oscailte lenar féidir leis na húdaráis mhaoirseachta lena mbaineann tionchar fóinteach a imirt ar chúrsa an imscrúdaithe trína dtaithí agus a dtuairimí a roinnt leis an bpríomhúdarás maoirseachta, agus aird chuí á tabhairt ar an gcorrlach lánroghnach atá ag gach údarás maoirseachta ▌. ***Ba cheart do na húdaráis mhaoirseachta nósanna imeachta a chur i gcrích ar bhealach caoithiúil agus éifeachtúil agus ba cheart dóibh dul i gcomhair le chéile ar bhealach dílis agus éifeachtach, lena n-áirítear tacaíocht a thabhairt i gcás inar gá agus iarrataí a fhreagairt gan mhoill.***

(17) ***Ba cheart*** d’údaráis mhaoirseachta cinneadh a dhéanamh maidir le gearáin laistigh de thréimhse ama réasúnach***. Ar an gcúis sin, leagtar síos teorainneacha ama leis an Rialachán seo.*** Braitheann a bhfuil i gceist le tréimhse ama réasúnach ar imthosca gach cáis agus, go háirithe, ar chomhthéacs an cháis, ar na céimeanna nós imeachta éagsúla a leanann an príomhúdarás maoirseachta, ar iompar na bpáirtithe faoi imscrúdú agus an ghearánaigh le linn an nós imeachta agus ar chastacht an cháis. ***Chun cosaint éifeachtach a thabhairt ar chearta agus saoirsí bunúsacha ábhar sonraí i bpróiseáil sonraí pearsanta, tá sé tábhachtach go láimhseálfaí gearáin ar bhealach éifeachtúil agus caoithiúil. Ag brath ar imthosca an cháis, d’fhéadfadh an t-am a theastaíonn chun gearán a láimhseáil a bheith níos giorra ná an teorainn ama a sholáthraítear leis an Rialachán seo. Is féidir tionchar dearfach a bheith ag comhar éifeachtúil idir an príomhúdarás maoirseachta agus na húdaráis mhaoirseachta eile lena mbaineann freisin maidir le cásanna a láimhseáil go caoithiúil.***

***(18) Ba cheart an fhéidearthacht a bheith ag gearánach chun cumarsáid a dhéanamh go heisiach leis an údarás maoirseachta lenar taisceadh gearán an ghearánaigh sin. Ní chuireann an fhéidearthacht sin cosc ar an ngearánach cumarsáid dhíreach a dhéanamh le húdarás maoirseachta eile, lena n-áirítear an príomhúdarás maoirseachta.***

▌

(19) ***Tá sé tábhachtach breithniú a dhéanamh ar na sonraí pearsanta a phróiseáiltear agus ar staid an ábhair sonraí, mar shampla i gcás ina mbaineann*** gearán le ***próiseáil sonraí pearsanta leanaí***.

(20) Ba cheart don phríomhúdarás maoirseachta an fhaisnéis is gá maidir le dul chun cinn an imscrúdaithe a sholáthar don údarás maoirseachta lenar taisceadh an gearán chun críche nuashonruithe a sholáthar don ghearánach.

(21) Ionas gur féidir leis na húdaráis mhaoirseachta deireadh a chur go tapa le sáruithe ar Rialachán (AE) 2016/679 agus réiteach tapa a chur ar fáil do ghearánaigh, ba cheart do na húdaráis mhaoirseachta féachaint, i gcás inarb iomchuí, ***le gearáin a réiteach trí nós imeachta luathréitigh i gcomhréir leis an Rialachán seo. Chun na críche sin, ba cheart don údarás maoirseachta a shuíomh ar cuireadh deireadh leis an sárú a líomhnaítear sa ghearán ar bhealach a fhágann nach bhfuil aon chuspóir leis an ngearán. Ní cheanglaítear ar na Ballstáit nósanna imeachta nua a thabhairt isteach faoin dlí náisiúnta chun ligean dá n-údaráis mhaoirseachta gearán a réiteach trí nós imeachta luathréitigh.***

*(22) Níor cheart gearáin a réiteach trí nós imeachta luathréitigh ach amháin i gcás nár chuir an gearánach agóid thráthúil isteach i gcoinne an chinnidh gur cuireadh deireadh leis an sárú líomhnaithe agus, dá bhrí sin, nach bhfuil aon chuspóir leis an ngearán. Dá bhrí sin, ba cheart feidhm a bheith ag luathréiteach gearáin maidir le cásanna ina bhfuil an gearánach in ann measúnú cuí a dhéanamh ar an toradh atá beartaithe.*

*(23) Is féidir luathréiteach gearáin a bheith úsáideach go háirithe chun gearáin a bhaineann le sáruithe ar chearta an ábhair sonraí faoi Chaibidil III de Rialachán (AE) 2016/679 a réiteach go gasta chun sástachta an ghearánaigh. Leis an luathréiteach sin, ba cheart don údarás maoirseachta lenar taisceadh an gearán nó an príomhúdarás maoirseachta a bheith in ann a shuíomh, ar bhonn réamhtheagmháil leis an rialaitheoir agus ar choinníoll go bhfuarthas fianaise thacaíochta, nach bhfuil aon chuspóir leis an ngearán.*

*(24) Ba cheart luathréiteach gearáin trí nós imeachta luathréitigh a bheith gan dochar don phríomhúdarás maoirseachta a bheith ag feidhmiú a chumhachtaí i gcomhréir le Rialachán (AE) 2016/679 maidir leis an ábhar céanna, mar shampla i gcás sáruithe sistéamacha nó leanúnacha ar Rialachán (AE) 2016/679.*

***(25) I gcás ina measann an príomhúdarás maoirseachta lenar taisceadh an gearán gur féidir gearán a réiteach trí nós imeachta luathréitigh, ba cheart dréachtchinneadh de bhun Airteagal 60(3) de Rialachán (AE) 2016/679 a chur faoi bhráid na n-údarás maoirseachta eile lena mbaineann, d'fhonn cinneadh críochnaitheach a ghlacadh i gcomhréir le hAirteagal 60(7) de Rialachán (AE) 2016/679 lena suitear gur cuireadh deireadh leis an sárú líomhnaithe agus gur réitigh an príomhúdarás maoirseachta an gearán, nó cuid den ghearán. Dá bhrí sin, maidir leis an dréachtchinneadh a cuireadh isteach, d'fhéadfaí é a shimpliú agus a theorannú don fhaisnéis gur réitíodh an gearán, go hiomlán nó go páirteach, trí nós imeachta luathréitigh, lena léirítear na cúiseanna is bonn leis an gcinneadh agus raon feidhme an réitigh, agus lena ndeimhnítear, dá bhrí sin, nach bhfuil aon chuspóir leis an ngearán. I gcásanna den sórt sin, ba cheart don phríomhúdarás maoirseachta a dhréachtchinneadh a chur go díreach faoi bhráid na n-údarás maoirseachta eile lena mbaineann, gan bheith air achoimre ar phríomh-shaincheisteanna nó ar réamhthorthaí a dhréachtú agus a scaipeadh.***

*(26)* ***I gcás ina bhfuil réamhthuairim ag an bpríomhúdarás maoirseachta maidir leis na príomh-shaincheisteanna in imscrúdú, ba cheart don phríomhúdarás maoirseachta a bheith in ann comhoibriú leis na húdaráis mhaoirseachta eile lena mbaineann trí nós imeachta comhair shimplí. Ba cheart an nós imeachta comhair shimplí a chur i bhfeidhm ar bhonn cás ar chás, ar choinníoll go measann an príomhúdarás maoirseachta nach bhfuil aon amhras réasúnach ann maidir le raon feidhme an imscrúdaithe agus nach n-éilítear leis na saincheisteanna dlíthiúla agus fíorasacha a sainaithníodh go mbeadh comhar breise ag teastáil chun críocha imscrúdaithe chasta, go háirithe i gcás inar féidir aghaidh a thabhairt ar na saincheisteanna sin ar bhonn shaintréithe an cháis agus na gcinntí roimhe sin i gcásanna comhchosúla. Ina theannta sin, tá sé tábhachtach go ndéanfaidh an príomhúdarás maoirseachta an cásdlí agus na treoirlínte atá ann cheana arna nglacadh ag an mBord maidir leis na sáruithe líomhnaithe ar Rialachán (AE) 2016/679 atá le himscrúdú a chur san áireamh freisin agus é á mheas gur dócha go dtiocfar ar chomhdhearcadh maidir le príomhghnéithe cáis. I bprionsabal, níl feidhm ag an nós imeachta comhair shimplí i gcás ina n-ardaíonn an cás fadhbanna sistéamacha nó athfhillteacha i roinnt Ballstát, ina mbaineann sé le saincheist dhlíthiúil ghinearálta maidir le léirmhíniú, cur i bhfeidhm nó forfheidhmiú Rialachán (AE) 2016/679, ina mbaineann sé le trasnú na cosanta sonraí le réimsí dlíthiúla eile, ina ndéanann sé difear do líon mór ábhar sonraí i roinnt Ballstát, nó ina mbaineann sé le líon mór gearán i roinnt Ballstát nó i gcás ina bhféadfadh ardriosca a bheith ann do chearta agus saoirsí na n-ábhar sonraí.***

(27) ***I gcás ina bhfuil sé beartaithe ag an bpríomhúdarás maoirseachta an nós imeachta comhair shimplí a chur i bhfeidhm, ba cheart dó na húdaráis mhaoirseachta eile lena mbaineann a chur ar an eolas faoina bhfuil ar intinn aige agus an fhaisnéis ábhartha uile a sholáthar maidir le saintréithe an cháis agus an ghearáin, lena n-áirítear na príomhfhíorais ábhartha agus an sárú líomhnaithe atá le himscrúdú. I gcás ina gcuirtear an nós imeachta comhair shimplí i bhfeidhm, ba cheart don phríomhúdarás maoirseachta leanúint den chomhar leis na húdaráis mhaoirseachta eile lena mbaineann agus dréachtchinneadh a chur isteach laistigh de na teorainneacha ama dá bhforáiltear sa Rialachán seo.***

*(28)* ***I gcás ina gceanglaítear ar údarás maoirseachta céimeanna áirithe nós imeachta a dhéanamh laistigh de theorainneacha ama sonraithe, is é is cuspóir do na teorainneacha ama sin a áirithiú go ndéanfar an nós imeachta a chur chun cinn agus a thabhairt chun críche laistigh de thréimhse réasúnach ama. Ní chuireann na teorainneacha ama sin bac ar údaráis mhaoirseachta na céimeanna nós imeachta is gá a ghlacadh tar éis dóibh dul in éag. Is gá a áirithiú, dá bhrí sin, nach féidir céimeanna nós imeachta den sórt sin a ghlacadh tar éis dhul in éag a dteorainneacha ama comhfhreagracha a mheas mar fhorais le neamhdhleathacht nó neamhbhailíocht na céime nós imeachta atá i gceist nó an chinnidh chríochnaithigh.***

*(29)* ***Ba cheart don phríomhúdarás maoirseachta a bheith in ann síneadh a chur leis an teorainn ama i dtaobh dréachtchinneadh a chur isteach. Níor cheart síntí den sórt sin a chur i bhfeidhm ach amháin ar bhonn eisceachtúil mar gheall ar chastacht cáis. Ba cheart na húdaráis mhaoirseachta eile lena mbaineann a chur ar an eolas agus ba cheart an deis a bheith acu chun agóidí a chur isteach in aghaidh an tsínidh, ar cheart don phríomhúdarás maoirseachta iad a chur san áireamh agus cinneadh á dhéanamh aige síneadh a chur leis an teorainn ama agus, i gcás inarb infheidhme, fad an tsínidh sin.***

*(30) I gcás ina gcuireann an príomhúdarás maoirseachta síneadh leis an teorainn ama i dtaobh dréachtchinneadh a chur isteach, ba cheart do na húdaráis mhaoirseachta eile lena mbaineann a bheith in ann an príomhúdarás maoirseachta a chur ar an eolas faoina measúnú gur gá gníomhú chun cearta agus saoirsí na n-ábhar sonraí a chosaint. I gcás inar cuireadh an príomhúdarás maoirseachta ar an eolas faoi mheasúnú den sórt sin, agus nach gcuireann sé dréachtchinneadh isteach laistigh den teorainn ama shínithe, ba cheart a thoimhdiú go bhfuil géarghá le gníomhú dá dtagraítear in Airteagal 66(1) de Rialachán (AE) 2016/679. D'ainneoin na féidearthachta sin, tá an nós imeachta práinne fós ar fáil d'údaráis mhaoirseachta faoi réir na gcoinníollacha a leagtar amach in Airteagal 66 de Rialachán (AE) 2016/679.*

*(31) Chun a áirithiú go seolfar imeachtaí ar bhealach éifeachtúil, gan dochar do neamhspleáchas na mBallstát ó thaobh nósanna imeachta de, is fearr nach mbeadh leigheasanna i gcoinne céimeanna nós imeachta arna nglacadh ag údaráis mhaoirseachta ar fáil ach amháin i gcomhar le leigheas i gcoinne cinneadh críochnaitheach, ach amháin má dhéanann an chéim nós imeachta ann féin difear do-athraithe do chearta an pháirtí faoi imscrúdú nó an ghearánaigh, gan beann ar an gcinneadh críochnaitheach.*

(32) Tá sé thar a bheith tábhachtach go dtiocfaidh údaráis mhaoirseachta ar chomhdhearcadh maidir le príomhghnéithe ***an cháis*** a luaithe is féidir agus sula nglacfar an ▌dréachtchinneadh dá dtagraítear in Airteagal 60 de Rialachán (AE) 2016/679▌.

***(33) Is gné thábhachtach é an malartú faisnéise ábhartha idir an príomhúdarás maoirseachta agus na húdaráis mhaoirseachta eile lena mbaineann chun tacú le meon an chomhair dhílis agus éifeachtaigh. Is próiseas leanúnach le linn imscrúdaithe é an malartú sin, agus soláthar tráthúil faisnéise sonraí ag an bpríomhúdarás maoirseachta, agus d'fhéadfadh na doiciméid agus na sonraí is gá a bheith éagsúil ag brath ar chastacht an cháis. Ag brath ar chéim an imscrúdaithe agus ar imthosca cáis, d'fhéadfaí go n-áireofaí ar an bhfaisnéis ábhartha, inter alia, malartú comhfhreagrais leis an rialaitheoir nó leis an ábhar sonraí maidir le gearán nó imscrúdú, na doiciméid ullmhúcháin le haghaidh iniúchta nó cigireachta, nó réamh-mheasúnú teicniúil nó dlíthiúil arna dhéanamh ag an bpríomhúdarás maoirseachta mar thoradh ar chéim shonrach ina imscrúdú.***

*(34) Cé gur cheart don phríomhúdarás maoirseachta aon fhaisnéis ábhartha a sholáthar do na húdaráis mhaoirseachta eile lena mbaineann gan mhoill tar éis an fhaisnéis sin a bheith curtha ar fáil, ba cheart do na húdaráis mhaoirseachta eile lena mbaineann aon fhaisnéis ábhartha a mheastar a bheith úsáideach chun measúnú a dhéanamh ar ghnéithe dlíthiúla agus fíorasacha an cháis a chur ar fáil go réamhghníomhach freisin. Leis an malartú faisnéise ábhartha, ba cheart tacú leis an gcomhar tapa éifeachtach idir údaráis mhaoirseachta agus is féidir, i gcásanna áirithe, tacú leis trí bhíthin achoimrí, sleachta nó cóipeanna de dhoiciméid chun tuiscint ghasta ar chás a éascú, agus san am céanna gan bac a chur ar fhaisnéis chomhlántach a sholáthar i gcás inar gá. Chun malartú éifeachtach agus iomchuí faisnéise ábhartha idir údaráis mhaoirseachta a éascú, ba cheart don Bhord a bheith in ann na módúlachtaí agus na ceanglais maidir le malartú faisnéise den sórt sin a shonrú.*

*(35) Mar chuid den fhaisnéis ábhartha maidir le cás sonrach, ba cheart don phríomhúdarás maoirseachta achoimre ar na príomh-shaincheisteanna a sholáthar do na húdaráis mhaoirseachta eile lena mbaineann ina leagtar amach a réamhthuairim ar phríomh-shaincheisteanna an imscrúdaithe. Ba cheart an achoimre sin a sholáthar ag céim sách luath chun gur féidir na tuairimí arna gcur isteach ag na húdaráis mhaoirseachta eile lena mbaineann a chuimsiú go héifeachtach ach, ag an am céanna, ag céim ag a bhfuil gnéithe leordhóthanacha ag an bpríomhúdarás maoirseachta chun teacht ar thuairimí maidir leis an gcás, i gcás inar gá trí mheán réamhanailíse agus trí bhearta féideartha imscrúdaitheacha tosaigh. D'fhéadfaí go n-áireofaí san achoimre ar na príomh-shaincheisteanna freisin réamh-shainaithint beart ceartaitheach féideartha i gcás ina bhfuil go leor gnéithe ag an bpríomhúdarás maoirseachta chun teacht ar réamhthuairim ar na bearta sin, go háirithe nuair is féidir forálacha Rialachán (AE) 2016/679 lena mbaineann an sárú líomhnaithe a aimsiú agus a shainaithint go héasca ag céim luath.*

***(36) Ba cheart an deis a bheith ag na húdaráis mhaoirseachta lena mbaineann chun a mbarúlacha a thabhairt maidir leis an achoimre ar na príomh-shaincheisteanna, lena n-áirítear maidir le raon leathan ábhair, amhail raon feidhme an imscrúdaithe, sainaithint na sáruithe líomhnaithe agus sainaithint na saincheisteanna fíorasacha agus dlíthiúla atá ábhartha i dtaca leis an imscrúdú. Ós rud é go gcinntear le raon feidhme an imscrúdaithe na hábhair lena n-éilítear imscrúdú ag an bpríomhúdarás maoirseachta, ba cheart do na húdaráis mhaoirseachta féachaint le teacht ar chomhdhearcadh a luaithe is féidir maidir le raon feidhme an imscrúdaithe.***

(37) Ar mhaithe le comhar cuimsitheach éifeachtach idir an príomhúdarás maoirseachta agus na húdaráis mhaoirseachta eile uile lena mbaineann, ***tá sé tábhachtach go mbeidh an achoimre ar na príomh-shaincheisteanna agus*** barúlacha na n-údarás maoirseachta lena mbaineann gonta agus i dtéarmaí a bheadh soiléir agus beacht go leor lena bheith sothuigthe ag na húdaráis mhaoirseachta uile. Ba cheart na hargóintí dlíthiúla a ghrúpáil trí thagairt a dhéanamh don chuid den achoimre ar phríomh-shaincheisteanna lena mbaineann siad. Is féidir ***an achoimre ar na príomh-shaincheisteanna agus*** barúlacha na n-údarás maoirseachta lena mbaineann a fhorlíonadh le doiciméid bhreise. Mar sin féin, ***ní leor*** tagairt amháin sna barúlacha ó údarás maoirseachta lena mbaineann do dhoiciméid fhorlíontacha a bheith ann in éagmais na n-argóintí bunriachtanacha sa dlí nó i bhfíoras a bheidh sna barúlacha. Is gá na sonraí bunúsacha dlíthiúla agus fíorasacha a bhfuiltear ag brath orthu i ndoiciméid den sórt sin a léiriú, i bhfoirm achomair ar a laghad, ar bhealach comhleanúnach agus intuigthe sa bharúil féin.

(38) Ba cheart d'údaráis mhaoirseachta a bheith in ann ***úsáid a bhaint as*** na modhanna uile is gá chun teacht ar chomhdhearcadh de mheon an chomhair dhílis agus éifeachtaigh. I gcás ina bhfuil éagsúlacht tuairime idir an príomhúdarás maoirseachta agus na húdaráis mhaoirseachta eile lena mbaineann maidir le raon feidhme imscrúdaithe atá bunaithe ar ghearáin, lena n-áirítear forálacha Rialachán (AE) 2016/679 lena mbaineann an sárú líomhnaithe atá le himscrúdú, nó i gcás ina mbaineann barúlacha na n-údarás maoirseachta lena mbaineann le hathrú tábhachtach ar an measúnú casta dlíthiúil ***nó fíorasach, nó le réamh-shainaithint beart ceartaitheach féideartha, féadfaidh*** na húdaráis mhaoirseachta lena mbaineann na huirlisí dá bhforáiltear faoi Airteagail 61 agus 62 de Rialachán (AE) 2016/679 a úsáid.

(39) ***Le Rialachán (AE) 2016/679, cuirtear ar a chumas don údarás maoirseachta cinneadh ceangailteach práinneach a iarraidh ar an mBord i gcás nach bhfuil beart iomchuí déanta ag údarás maoirseachta inniúil i gcásanna ina bhfuil gá práinneach le gníomhú chun cearta agus saoirsí na n-ábhar sonraí a chosaint. Faoin Rialachán seo, más rud é, tar éis úsáid a bhaint as na modhanna a leagtar amach sa Rialachán seo, nach dtagann*** na húdaráis mhaoirseachta ar chomhdhearcadh maidir le raon feidhme imscrúdaithe atá bunaithe ar ghearáin, ba cheart a thoimhdiú ***go bhfuil na coinníollacha*** dá dtagraítear in Airteagal 66(3) de Rialachán (AE) 2016/679 ***maidir le cinneadh ceangailteach práinneach a iarraidh comhlíonta*** agus ba cheart don phríomhúdarás maoirseachta cinneadh ceangailteach práinneach ón mBord a iarraidh. Ní féidir le cinneadh ceangailteach práinneach an Bhoird ***maidir le raon feidhme imscrúdaithe*** atá bunaithe ar ghearáin teacht roimh thoradh imscrúdú an phríomhúdaráis maoirseachta ná roimh éifeachtacht cheart ***éisteachta*** na bpáirtithe faoi imscrúdú. ▌

***(40) Ba cheart cearta nós imeachta a thabhairt do ghearánach a mhéid a bhaineann lena chearta agus lena shaoirsí nó lena cearta agus lena saoirsí mar ábhar sonraí. Leis na céimeanna nós imeachta a leagtar síos sa Rialachán seo, a bhaineann le comhar idir údaráis mhaoirseachta, ní thugtar cearta do ghearánach ná do pháirtithe faoi imscrúdú. Dá bhrí sin, soiléirítear leis an Rialachán seo na forálacha maidir le céimeanna nós imeachta nach dtugann cearta do dhaoine aonair nó do pháirtithe faoi imscrúdú, nó nach gcuireann teorainn leis na cearta sin.***

▌

(41) Ba cheart an deis a bheith ag gearánaigh a gcuid tuairimí a chur in iúl sula ndéantar cinneadh a bhfuil drochthionchar aige orthu. Dá bhrí sin, i gcás ina ndiúltófar go hiomlán nó go páirteach do ghearán i gcás a bhaineann le próiseáil trasteorann, nó i gcás ina ndíbhtear go hiomlán nó go páirteach é, ba cheart an deis a bheith ag an ngearánach a thuairimí a chur in iúl sula gcuirfear isteach dréachtchinneadh faoi Airteagal 60(3) de Rialachán (AE) 2016/679, dréachtchinneadh athbhreithnithe faoi Airteagal 60(5) de Rialachán (AE) 2016/679 nó cinneadh ceangailteach ón mBord faoi Airteagal 65(1), pointe (a), de Rialachán (AE) 2016/679. ▌

(42) Is gá soiléiriú a dhéanamh ar roinnt na bhfreagrachtaí idir an príomhúdarás maoirseachta agus an t-údarás maoirseachta lenar taisceadh an gearán i gcás ina ndiúltaítear do ghearán ***go hiomlán nó go páirteach nó i gcás ina ndíbhtear go hiomlán nó go páirteach é*** i gcás a bhaineann le próiseáil trasteorann. Mar phointe teagmhála don ghearánach le linn an imscrúdaithe, ba cheart don údarás maoirseachta lenar taisceadh an gearán deis a thabhairt don ghearánach a thuairimí nó a tuairimí a chur in iúl maidir le gearán a bhfuil sé beartaithe diúltú don ghearán ***go hiomlán nó go páirteach nó é a dhíbhe go hiomlán nó go páirteach***, agus ba cheart ***don údarás sin*** a bheith freagrach as gach cumarsáid leis an ngearánach. Ba cheart an chumarsáid uile den sórt sin a tharchur chuig an bpríomhúdarás maoirseachta. Ós rud é, faoi Airteagal 60(8) agus (9) de Rialachán (AE) 2016/679, go bhfuil sé de fhreagracht ar an údarás maoirseachta lenar taisceadh an gearán an cinneadh críochnaitheach a ghlacadh lena ndiúltaítear don ghearán ***go hiomlán nó go páirteach nó lena ndíbhtear go hiomlán nó go páirteach é***, ba cheart ***don phríomhúdarás*** maoirseachta an dréachtchinneadh ***a ullmhú*** faoi Airteagal 60(3) de Rialachán (AE) 2016/679***, i gcomhar leis an údarás maoirseachta lenar taisceadh an gearán. Áirítear leis an gcomhar sin an fhéidearthacht cúnamh a iarraidh ar an údarás maoirseachta lenar taisceadh an gearán chun dréacht den sórt sin a ullmhú.***

(43) Ba cheart forfheidhmiú éifeachtach rialacha an Aontais maidir le cosaint sonraí a bheith comhoiriúnach le cearta cosanta na bpáirtithe faoi imscrúdú a urramú go hiomlán, ar prionsabal bunúsach de chuid dhlí an Aontais é atá le hurramú i ngach imthoisc, agus tá tábhacht ar leith ag baint leis na cearta sin i nósanna imeachta a bhféadfadh pionóis a bheith mar thoradh orthu.

(44) Chun an ceart chun dea-riaracháin agus na cearta cosanta mar a chumhdaítear i gCairt um Chearta Bunúsacha an Aontais Eorpaigh (‘an Chairt’) a choimirciú go héifeachtach, tá sé tábhachtach foráil a dhéanamh maidir le rialacha soiléire i ndáil le feidhmiú an chirt atá ag gach duine chun éisteacht a fháil sula ndéantar aon bheart aonair a dhéanfadh dochar dó nó di.

(45) Leis na rialacha maidir leis an nós imeachta riaracháin arna chur i bhfeidhm ag údaráis mhaoirseachta agus Rialachán (AE) 2016/679 á fhorfheidhmiú, ba cheart a áirithiú go mbeidh an deis, go praiticiúil, ag na páirtithe faoi imscrúdú a gcuid tuairimí a chur in iúl maidir le fírinne agus ábharthacht na bhfíoras a líomhnaítear, na n-agóidí agus na n-imthosca a chuir an t-údarás maoirseachta chun cinn le linn an nós imeachta, rud a chuirfidh ar a gcumas a gcearta cosanta a fheidhmiú. Leagtar amach sna réamhthorthaí an réamhsheasamh maidir leis an sárú líomhnaithe ar Rialachán (AE) 2016/679 tar éis imscrúdú a dhéanamh. Dá bhrí sin, is cosaint nós imeachta bhunriachtanach iad lena n-áirithítear go n-urramaítear an ceart chun éisteacht a fháil. Ba cheart na doiciméid is gá a sholáthar do na páirtithe faoi imscrúdú chun iad féin a chosaint go héifeachtach agus chun barúlacha a dhéanamh maidir leis na líomhaintí a dhéantar ina gcoinne, trí rochtain a fháil ar an gcomhad riaracháin.

***(46) Ba cheart na rialacha sin a bheith gan dochar don fhéidearthacht atá ag údaráis mhaoirseachta rochtain bhreise a thabhairt ar an gcomhad riaracháin chun tuairimí a fháil ó aon cheann de na páirtithe faoi imscrúdú nó ón ngearánach le linn na n-imeachtaí, i gcomhréir le dlí náisiúnta an phríomhúdaráis maoirseachta.***

(47) Sainítear sna réamhthorthaí raon feidhme an imscrúdaithe agus, dá bhrí sin, raon feidhme aon chinnidh chríochnaithigh a dhéantar amach anseo, de réir mar a bheidh, ar bhonn cinneadh ceangailteach arna eisiúint ag an mBord faoi Airteagal 65(1), pointe (a), de Rialachán (AE) 2016/679 ar féidir iad a dhíriú ar rialaitheoirí nó ar phróiseálaithe. Ba cheart na réamhthorthaí a chur in iúl go soiléir, fiú má tá siad gonta, chun a chur ar chumas na bpáirtithe faoi imscrúdú cineál an tsáraithe líomhnaithe ar Rialachán (AE) 2016/679 a shainaithint i gceart. Comhlíontar an oibleagáid an fhaisnéis uile is gá a thabhairt do na páirtithe faoi imscrúdú ionas go mbeidh siad in ann iad féin a chosaint i gceart mura líomhnaítear leis an gcinneadh críochnaitheach go ndearna na páirtithe faoi imscrúdú sáruithe seachas na sáruithe sin dá dtagraítear sna réamhthorthaí agus nach gcuireann sé san áireamh ach fíorais a raibh deis ag na páirtithe faoi imscrúdú a dtuairimí a chur in iúl ina leith. Ní gá, áfach, go mbeadh cinneadh críochnaitheach an phríomhúdaráis maoirseachta ina mhacasamhail de na réamhthorthaí. Ba cheart cead a bheith ag an bpríomhúdarás maoirseachta sa chinneadh críochnaitheach freagairtí na bpáirtithe faoi imscrúdú do na réamhthorthaí, agus, i gcás inarb infheidhme, don dréachtchinneadh athbhreithnithe faoi Airteagal 60(5) de Rialachán (AE) 2016/679 a chur san áireamh. Ba cheart don phríomhúdarás maoirseachta a bheith in ann a mheasúnú féin a dhéanamh ar na fíorais agus ar na hargóintí dlíthiúla arna gcur chun cinn ag na páirtithe faoi imscrúdú chun diúltú do na hargóintí i gcás ina gcinnfidh an príomhúdarás maoirseachta go bhfuil siad gan bhunús nó chun a argóintí a fhorlíonadh agus a athdhréachtú, i bhfíoras agus i ndlí araon, chun tacú leis na hargóintí atá á gcoimeád aige. Mar shampla, agus argóint arna cur chun cinn ag páirtí faoi imscrúdú le linn an nós imeachta riaracháin á cur san áireamh, gan deis a bheith tugtha dó tuairim a chur in iúl ina leith sin sula nglactar an cinneadh críochnaitheach, ní féidir leis an argóint sin a bheith ina shárú ar chearta cosanta *per se*.

***(48) Foráiltear leis an Rialachán seo do rialacha i gcásanna ina gceanglaítear ar an bpríomhúdarás maoirseachta faoin dlí náisiúnta dul i mbun imeachtaí intíre ina dhiaidh sin a bhaineann leis an gcás céanna, amhail imeachtaí achomhairc riaracháin.***

(49) Ba cheart ceart éisteachta a thabhairt do na páirtithe faoi imscrúdú sula gcuirtear isteach dréachtchinneadh athbhreithnithe faoi Airteagal 60(5) de Rialachán (AE) 2016/679 nó sula nglacfaidh an Bord cinneadh ceangailteach faoi Airteagal 65(1), pointe (a), de Rialachán (AE) 2016/679. ***Áirítear ar na gnéithe dlíthiúla nua agóidí ábhartha réasúnaithe i gcás ina bhfuil measúnuithe dlíthiúla sna hagóidí sin atá éagsúil leis na measúnuithe a mhol an príomhúdarás maoirseachta sa dréachtchinneadh a cuireadh isteach de bhun Airteagal 60(4) de Rialachán (AE) 2016/679.***

(50) Ba cheart an fhéidearthacht a thabhairt do ghearánaigh baint a bheith acu leis na himeachtaí arna dtionscnamh ag údarás maoirseachta d'fhonn saincheisteanna a bhaineann le sárú féideartha ar Rialachán (AE) 2016/679 a shainaithint nó a shoiléiriú. Cé gur thionscain údarás maoirseachta imscrúdú cheana féin maidir le hábhar an ghearáin nó go ndéileálfaidh sé leis an ngearán in imscrúdú *ex officio* tar éis dó an gearán a fháil, ní chuireann sé sin bac ar cháilíocht ábhair sonraí mar ghearánach. ▌ Is nós imeachta é imscrúdú arna dhéanamh ag údarás maoirseachta ar shárú a d'fhéadfadh rialaitheoir nó próiseálaí ▌ a dhéanamh ar Rialachán (AE) 2016/679, ar nós imeachta é ar chuir údarás maoirseachta tús leis, ar a thionscnamh féin nó bunaithe ar ghearán, chun a chúraimí faoi Airteagal 57(1) de Rialachán (AE) 2016/679 a chomhlíonadh. Níl na páirtithe faoi imscrúdú ná an gearánach ▌ sa chás nós imeachta céanna***, agus tá sé fíor-riachtanach*** cearta ***cosanta an pháirtí faoi imscrúdú a choimirciú.*** ▌ Maidir leis an gceart bunúsach ▌ chun éisteacht a fháil, ***féadfaidh na páirtithe faoi imscrúdú agus an gearánach*** é ***a agairt nuair a dhéantar dochar dá seasamh dlíthiúil leis an gcinneadh.***

▌

(51) Ba cheart an fhéidearthacht a thabhairt do ghearánaigh a dtuairimí maidir leis na réamhthorthaí a chur isteach i scríbhinn ***a mhéid a bhaineann na tuairimí sin lena ngearán maidir le próiseáil a sonraí pearsanta.*** Níor cheart rochtain a bheith acu, áfach, ar rúin ***trádála*** nó ar fhaisnéis rúnda eile de chuid na páirtithe faoi imscrúdú nó tríú daoine. ▌

(52) Agus spriocdhátaí á leagan síos do pháirtithe faoi imscrúdú agus do ghearánaigh chun a dtuairimí maidir le réamhthorthaí a sholáthar, tá sé tábhachtach go dtabharfaidh na húdaráis mhaoirseachta aird ar chastacht na saincheisteanna a ardaíodh sna réamhthorthaí, d'fhonn a áirithiú go mbeidh deis leordhóthanach ag na páirtithe faoi imscrúdú agus ag gearánaigh chun a dtuairimí maidir leis na saincheisteanna a ardaíodh a sholáthar go fóinteach.

(53) Is é atá i gceist leis an malartú tuairimí idir údaráis mhaoirseachta sula gcuirtear isteach dréachtchinneadh idirphlé oscailte agus malartú fairsing tuairimí inar cheart d'údaráis mhaoirseachta a ndícheall a dhéanamh teacht ar chomhdhearcadh maidir le himscrúdú a chur chun cinn. Os a choinne sin, maidir le heasaontas a chuirtear in iúl in agóidí ábhartha réasúnaithe de bhun Airteagal 60(4) de Rialachán (AE) 2016/679, ar mó an fhéidearthacht le haghaidh réiteach díospóidí idir údaráis mhaoirseachta ina leith faoi Airteagal 65 de Rialachán (AE) 2016/679 agus lena gcuirtear moill ar an údarás maoirseachta inniúil cinneadh críochnaitheach a ghlacadh, níor cheart dó teacht chun cinn ach amháin i gcás ▌ ina dteipfeadh ar údaráis mhaoirseachta teacht ar chomhdhearcadh agus i gcás inar gá léirmhíniú comhsheasmhach ar Rialachán (AE) 2016/679 a áirithiú. Ba cheart agóidí den sórt sin a úsáid ▌ nuair a bhíonn ábhair a bhaineann le forfheidhmiú comhsheasmhach Rialachán (AE) 2016/679 i mbaol.

(54) Ar mhaithe leis an nós imeachta um réiteach díospóide a thabhairt i gcrích go héifeachtúil agus go cuimsitheach, i gcás inar cheart do na húdaráis mhaoirseachta uile a bheith in ann a dtuairimí a thabhairt agus aird á tabhairt ar na srianta ama le linn réiteach díospóide, ba cheart d'fhoirm agus struchtúr na n-agóidí ábhartha réasúnaithe ceanglais áirithe a chomhlíonadh. ▌

(55) Déantar foráil maidir le rochtain ar an gcomhad riaracháin mar chuid de na cearta cosanta agus an ceart chun dea-riaracháin a chumhdaítear sa Chairt. Ba cheart rochtain ar an gcomhad riaracháin a thabhairt do na páirtithe faoi imscrúdú nuair a thugtar fógra dóibh faoi réamhthorthaí agus ba cheart an spriocdháta a leagan síos chun a bhfreagra i scríbhinn ar na réamhthorthaí a chur isteach.

(56) Agus rochtain á tabhairt acu ar an gcomhad riaracháin ***do na páirtithe faoi imscrúdú agus don ghearánach,*** ba cheart do na húdaráis mhaoirseachta a áirithiú go gcosnófaí rúin ***trádála*** agus faisnéis rúnda eile. Áirítear i gcatagóir na faisnéise rúnda eile aon fhaisnéis seachas rúin ***trádála***, a d'fhéadfaí a mheas mar fhaisnéis rúnda i gcomhréir ***le dlí an Aontais agus*** leis an dlí náisiúnta, a mhéid a dhéanfadh nochtadh na faisnéise sin dochar suntasach do rialaitheoir, do phróiseálaí nó do dhuine nádúrtha ***nó dlítheanach***. ***Le faisnéis rúnda, ba cheart a áireamh go háirithe faisnéis nach eol ach do líon teoranta daoine agus a bhféadfadh a nochtadh díobháil thromchúiseach a dhéanamh don duine a sholáthair í nó do thríú daoine, agus i gcás inar fiú, ar bhonn oibiachtúil, cosaint a thabhairt do na leasanna a bhféadfaí dochar a dhéanamh dóibh de bharr nochtadh faisnéise den sórt sin.*** Ba cheart do na húdaráis mhaoirseachta a bheith in ann a iarraidh ar pháirtithe faoi imscrúdú a chuireann isteach nó a chuir isteach doiciméid nó ráitis faisnéis rúnda a shainaithint.

(57) I gcás ina bhfuil gá le rúin ***trádála*** nó le faisnéis rúnda le cruthú gur tharla sárú, ba cheart do na húdaráis mhaoirseachta measúnú a dhéanamh maidir le gach doiciméad aonair ***ar bhealach comhréireach*** an mó an gá chun nochtadh ná an díobháil a d'fhéadfaí teacht leis an nochtadh.

***(58) Is i gcomhréir le dlí náisiúnta na mBallstát a sholáthrófar rochtain ar dhoiciméid a áirítear sa chomhad riaracháin ar bhonn rochtain ar dhoiciméid phoiblí. Ina leith sin, tá sé tábhachtach go gcosnófaí sláine an phróisis cinnteoireachta go dtí go nglacfaidh an t-údarás maoirseachta inniúil an cinneadh críochnaitheach.***

***(59) Tá sé tábhachtach go n-éascóidh an Bord rochtain ar chinntí arna nglacadh i gcomhréir leis na sásraí comhair agus comhsheasmhachta, trí théacs na gcinntí críochnaitheacha arna nglacadh ag údaráis mhaoirseachta náisiúnta a chur ar fáil ar líne trí chláir a bhfuil rochtain éasca orthu. I gcomhréir leis an dlí náisiúnta is infheidhme, is féidir le húdaráis mhaoirseachta folú a dhéanamh ar ainmneacha, ar aon fhaisnéis eile lenar féidir páirtithe faoi imscrúdú nó an gearánach a shainaithint, agus ar fhaisnéis eile atá cosanta faoi dhlí an Aontais agus faoin dlí náisiúnta is infheidhme.***

***(60) Tá sé tábhachtach go mbeidh soláthar de leagan den chinneadh críochnaitheach don ghearánach i gcomhréir leis an Rialachán seo fós gan dochar don fhéidearthacht atá ag údarás maoirseachta cinneadh a dhéanamh an ndéanfaidh sé an cinneadh a phoibliú mar chuid dá chumhachtaí ceartaitheacha.***

(61) Agus ábhar á tharchur chuig réiteach díospóide faoi Airteagal 65 de Rialachán (AE) 2016/679, ba cheart don phríomhúdarás maoirseachta na doiciméid agus an fhaisnéis uile is gá a sholáthar don Bhord chun a chur ar a chumas measúnú a dhéanamh ar inghlacthacht agóidí ábhartha réasúnaithe agus an cinneadh a ghlacadh faoi Airteagal 65(1), pointe (a), de Rialachán (AE) 2016/679. A luaithe a bheidh na doiciméid agus an fhaisnéis uile is gá i seilbh ag an mBord, ▌ ba cheart don Bhord tarchur an ábhair a chlárú ***i gcomhréir le*** hAirteagal 65(2) de Rialachán (AE) 2016/679.

(62) Ba cheart an cinneadh ceangailteach ón mBord faoi Airteagal 65(1), pointe (a), de Rialachán (AE) 2016/679 a bheith bainteach go heisiach le hábhair as ar eascair an réiteach díospóide agus ba cheart é a dhréachtú ar bhealach lena gceadaítear don phríomhúdarás maoirseachta a chinneadh críochnaitheach a ghlacadh ar bhonn chinneadh an Bhoird ▌.

(63) Chun réiteach díospóide idir údaráis mhaoirseachta arna gcur faoi bhráid an Bhoird faoi Airteagal 65(1), pointí (b) agus (c) de Rialachán (AE) 2016/679 a chuíchóiriú, is gá rialacha nós imeachta a shonrú maidir le doiciméid agus faisnéis atá le cur faoi bhráid an Bhoird agus ar cheart don Bhord a chinneadh a bhunú orthu. Is gá a shonrú freisin cathain ba cheart don Bhord tarchur an ábhair chuig réiteach díospóide a chlárú.

(64) Chun cuíchóiriú a dhéanamh ar an nós imeachta maidir le tuairimí práinneacha agus cinntí ceangailteacha práinneacha ón mBord a ghlacadh faoi Airteagal 66(2) de Rialachán (AE) 2016/679, is gá rialacha nós imeachta a shonrú maidir le huainiú na n-iarrataí ar thuairim phráinneach nó ar chinneadh ceangailteach práinneach, maidir leis na doiciméid agus an fhaisnéis atá le cur faoi bhráid an Bhoird agus ar cheart don Bhord a chinneadh a bhunú orthu ▌.

▌

***(65) Foráiltear le Rialachán (AE) 2016/679 go bhfuil sé de cheart ag an ábhar sonraí leigheas breithiúnach éifeachtach a fháil i gcás nach láimhseálann údarás maoirseachta inniúil gearán. Ní chruthaítear leis an Rialachán seo leigheasanna breithiúnacha nua sa bhreis orthu siúd a bunaíodh cheana le Rialachán (AE) 2016/679, ná ní chuireann sé teorainn le cur i bhfeidhm na leigheasanna breithiúnacha a bhunaítear leis an Rialachán sin. Tá tábhacht ar leith ag baint le forálacha áirithe den Rialachán seo chun go ndéanfaidh na húdaráis mhaoirseachta an cinneadh críochnaitheach go tráthúil agus gearáin á láimhseáil acu. Agus cinneadh á dhéanamh ar láimhseáil údarás maoirseachta gearán, ba cheart breithniú a dhéanamh i dtaobh ar chomhlíon an t-údarás maoirseachta teorainneacha ama áirithe a leagtar síos sa Rialachán seo agus i Rialachán (AE) 2016/679. Agus an cinneadh sin á dhéanamh, tá sé fíor-riachtanach go gcoimirceofaí ceart an ghearánaigh go láimhseálfaí a ghearán nó a gearán laistigh de thréimhse réasúnach ama. Tá forálacha an Rialacháin seo gan dochar don fhéidearthacht foráil a dhéanamh do leigheasanna sa dlí náisiúnta don pháirtí faoi imscrúdú, i bhfianaise a chirt go láimhseálfaí a ghnóthaí laistigh de thréimhse réasúnach ama.***

***(66) Chun an Rialachán seo a chur chun feidhme, is gá uirlisí digiteacha leormhaithe a bheith ann chun tacú le malartú tapa slán faisnéise. Tá sé tábhachtach go mbeadh uirlis leictreonach choiteann shlán iomchuí ar fáil do gach údarás cosanta sonraí, agus an taithí a fuarthas agus uirlisí atá ann cheana á húsáid á cur san áireamh. Tá sé tábhachtach freisin go soláthrófaí na hacmhainní is gá chun uirlis leictreonach den sórt sin a chur chun feidhme agus go n-éascódh uirlis den sórt sin bailiú agus comhdhlúthú staidrimh forfheidhmithe ag an mBord maidir le cásanna a bhaineann le próiseáil trasteorann.***

(67) Baineann Caibidlí III agus IV den Rialachán seo le comhar idir údaráis mhaoirseachta, le cearta nós imeachta na bpáirtithe faoi imscrúdú agus le rannpháirtíocht gearánach. Chun deimhneacht dhlíthiúil a áirithiú, níor cheart feidhm a bheith ag na forálacha sin maidir le himscrúduithe atá ar siúl cheana féin tráth a thiocfaidh an Rialachán seo i bhfeidhm. Beidh feidhm acu maidir le himscrúduithe *ex officio* arna n-oscailt 1***5 mhí ó dháta*** theacht i bhfeidhm an Rialacháin seo agus maidir le himscrúduithe atá bunaithe ar ghearáin i gcás inar taisceadh an gearán ***15 mhí ó dháta*** theacht i bhfeidhm an Rialacháin seo. Déantar foráil i gCaibidlí V agus VI den Rialachán seo maidir le rialacha nós imeachta le haghaidh cásanna a tharchuirtear chuig réiteach díospóide faoi Airteagal 65 de Rialachán (AE) 2016/679 agus le haghaidh iarrataí ar thuairim phráinneach nó ar chinneadh ceangailteach práinneach faoi Airteagal 66 de Rialachán (AE) 2016/679. Ar chúiseanna deimhneachta dlíthiúla, níor cheart feidhm a bheith ag na caibidlí sin maidir le cásanna a tarchuireadh chuig réiteach díospóide roimh theacht i bhfeidhm an Rialacháin seo. Ba cheart feidhm a bheith acu maidir le gach cás a tharchuirtear chuig réiteach díospóide 1***5 mhí ó dháta*** theacht i bhfeidhm an Rialacháin seo.

(68) Chuathas i gcomhairle leis an Maoirseoir Eorpach ar Chosaint Sonraí agus leis an mBord Eorpach um Chosaint Sonraí i gcomhréir le hAirteagal 42(1) agus (2) de Rialachán (AE) 2018/1725 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle[4] agus thug siad tuairim chomhpháirteach an 1***9 Meán Fómhair 2023***.

---

[4] Rialachán (AE) 2018/1725 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 23 Deireadh Fómhair 2018 maidir le daoine nádúrtha a chosaint i ndáil le sonraí pearsanta a phróiseáil ag institiúidí, comhlachtaí, oifigí agus gníomhaireachtaí an Aontais agus maidir le saorghluaiseacht sonraí den sórt sin, agus lena n-aisghairtear Rialachán (CE) Uimh. 45/2001

TAR ÉIS AN RIALACHÁN SEO A GHLACADH:

---

agus Cinneadh Uimh. 1247/2002/CE (IO L 295, 21.11.2018, lch. 39, ELI: http://data.europa.eu/eli/reg/2018/1725/oj).

## Caibidil I

## Forálacha ginearálta

*Airteagal 1*

*Ábhar* ***agus raon feidhme***

Leagtar síos leis an Rialachán seo rialacha nós imeachta d'údaráis mhaoirseachta maidir le gearáin a láimhseáil agus imscrúduithe a sheoladh i gcásanna atá bunaithe ar ghearáin agus i gcásanna ***ex officio*** i bhforfheidhmiú ▌ Rialachán (AE) 2016/679 ***i gcás ina mbaineann na cásanna sin le próiseáil trasteorann. Áirítear le láimhseáil gearán agus imscrúduithe a dhéanamh i gcásanna a bhaineann le próiseáil trasteorann a chinneadh an mbaineann cás le próiseáil trasteorann.***

*Airteagal 2*

*Sainmhínithe*

Chun críocha an Rialacháin seo, tá feidhm ag na sainmhínithe in Airteagal 4 de Rialachán (AE) 2016/679.

Tá feidhm ag an sainmhíniú seo a leanas freisin:

> ciallaíonn '***páirtí*** faoi imscrúdú' an rialaitheoir nó an próiseálaí a imscrúdaítear mar gheall ar shárú líomhnaithe ar Rialachán (AE) 2016/679 a bhaineann le próiseáil trasteorann;

▌

***Airteagal 3***

***Prionsabail a bhaineann le forfheidhmiú Rialachán (AE) 2016/679 i gcásanna a bhaineann le próiseáil trasteorann***

***1. Seolfaidh údaráis mhaoirseachta imeachtaí a thagann faoi raon feidhme an Rialacháin seo ar bhealach caoithiúil agus éifeachtúil. Rachaidh siad i gcomhar le chéile ar bhealach dílis agus éifeachtach, lena n-áirítear trí thacaíocht a thabhairt i gcás inar gá agus trí fhreagairt d'iarrataí a chéile gan mhoill.***

***2. Féadfaidh údarás maoirseachta páirt a ghlacadh in imeachtaí nó iad a dheighilt i gcomhréir leis an dlí nós imeachta náisiúnta, a mhéid nach mbainfidh uamadh nó scaradh na n-imeachtaí sin an bonn ó chearta na bpáirtithe faoi imscrúdú ná ó chearta an ghearánaigh.***

***3. Beidh an fhéidearthacht ag gearánach chun cumarsáid a dhéanamh go heisiach leis an údarás maoirseachta lenar thaisc an gearánach a ghearán nó a gearán de bhun Airteagal 77 de Rialachán (AE) 2016/679.***

***4. Is é an toradh a bheidh ar ghearán a láimhseáil i gcónaí cinneadh atá faoi réir leigheas breithiúnach éifeachtach de réir Airteagal 78 de Rialachán (AE) 2016/679.***

***5. Ar mhaithe le héifeachtúlacht na n-imeachtaí, féadfaidh na húdaráis mhaoirseachta teorainn a chur le fad aighneachtaí an pháirtí faoi imscrúdú agus an ghearánaigh, agus castacht an cháis agus na doiciméid a cuireadh isteach cheana á gcur san áireamh.***

# Caibidil II

# Taisceadh gearán ▌ ***agus luathréiteach***

*Airteagal 4*

*Gearáin* ***a bhaineann le próiseáil*** *trasteorann*

1. Beidh gearán ar bhonn Rialachán (AE) 2016/679 a ***bhaineann le*** próiseáil trasteorann ***inghlactha ar choinníoll go n-áirítear an fhaisnéis seo a leanas ann:***

***(a) ainm agus sonraí teagmhála an duine a thaisceann an gearán;***

***(b) i gcás inarb é comhlacht, eagraíocht nó comhlachas seachbhrábúsach dá dtagraítear in Airteagal 80 de Rialachán (AE) 2016/679 a thaisceann an gearán, cruthúnas a go bhfuil an comhlacht, eagraíocht nó comhlachas sin comhdhéanta mar is ceart i gcomhréir le dlí Ballstáit;***

***(c) i gcás ina dtaisctear an gearán ar bhonn Airteagal 80(1) de Rialachán (AE) 2016/679, ainm agus sonraí teagmhála an chomhlachta, na heagraíochta nó an chomhlachais sheachbhrabúsaigh a thaisceann an gearán sin agus cruthúnas go bhfuil an comhlacht, an eagraíocht nó an comhlachas sin ag gníomhú ar bhonn sainordú ábhair sonraí;***

*(d) faisnéis lena n-éascaítear an rialaitheoir nó an próiseálaí is ábhar don ghearán a shainaithint;*

*(e) tuairisc ar an sárú líomhnaithe ar Rialachán (AE) 2016/679.*

*Ní bheidh gá le haon fhaisnéis sa bhreis ar an bhfaisnéis dá dtagraítear sa chéad fhomhír chun go mbeidh gearán maidir le próiseáil trasteorann inghlactha.*

*Na módúlachtaí agus na ceanglais riaracháin faoi dhlí nós imeachta náisiúnta an údaráis maoirseachta lena dtaiscfear an gearán, leanfaidh siad d'fheidhm a bheith acu.*

*2. I gcás ina gcinnfidh an t-údarás maoirseachta lenar taisceadh gearán nach bhfuil an fhaisnéis dá dtagraítear i mír 1, an chéad fhomhír, sa ghearán, dearbhóidh sé, laistigh de 2 sheachtain tar éis dó an gearán a fháil, go bhfuil an gearán sin neamh-inghlactha agus cuirfidh sé na cúiseanna leis sin in iúl don ghearánach.*

3. ***Ní bheidh ceangal ar an ngearánach dul i dteagmháil leis an bpáirtí faoi imscrúdú sula dtaiscfidh sé gearán chun go mbeidh an gearán sin inghlactha.***

***Gan dochar don chéad fhomhír, i gcás ina mbaineann gearán le feidhmiú cirt de chuid an ábhair sonraí atá ag brath ar an ábhar sonraí lena mbaineann iarraidh a dhéanamh chuig an rialaitheoir, déanfar an iarraidh sin chuig an rialaitheoir sula dtaiscfear an gearán sin.***

4. ***Cinnfidh*** an t-údarás maoirseachta lenar taisceadh an gearán***, trí réamhchonclúid,*** an méid seo a leanas:

(a) an mbaineann an gearán le próiseáil trasteorann***;***

***(b) cén t-údarás maoirseachta a thoimhdíonn sé a bheith inniúil chun gníomhú mar phríomhúdarás maoirseachta i gcomhréir le hAirteagal 56(1) de Rialachán (AE) 2016/679; agus***

***(c) an bhfuil feidhm ag Airteagal 56(2) de Rialachán (AE) 2016/679.***

▌

5. ***I gcás ina bhfuil gearán a bhaineann le próiseáil trasteorann inghlactha agus in éagmais luathréiteach de bhun Airteagal 5,*** tarchuirfidh an t-údarás maoirseachta ar taisceadh an gearán leis an gearán sin chuig an údarás maoirseachta a ***thoimhdíonn sé a bheith inniúil chun gníomhú mar phríomhúdarás maoirseachta tráth nach déanaí ná 6 seachtaine tar éis dó an gearán sin a fháil agus cuirfidh sé an gearánach ar an eolas faoin tarchur sin.***

***Beidh an cinneadh maidir le hinghlacthacht ghearáin ag an údarás maoirseachta lenar taisceadh an gearán sin ina cheangal ar an bpríomhúdarás maoirseachta;***

***6. Laistigh de 6 seachtaine tar éis gearán a fháil, deimhneoidh an t-údarás maoirseachta a thoimhdítear a bheith inniúil chun gníomhú mar phríomhúdarás maoirseachta a inniúlacht nó, i gcás ina bhfuil tuairimí contrártha ann maidir le cé acu de na húdaráis mhaoirseachta eile lena mbaineann atá inniúil don phríomhbhunaíocht, cuirfidh sé an t-ábhar faoi bhráid an Bhoird Eorpaigh um Chosaint Sonraí ('an Bord') le haghaidh réiteach díospóide faoi Airteagal 65(1), pointe (b), de Rialachán (AE) 2016/679.***

***I gcás nach ndeimhneoidh an t-údarás maoirseachta a thoimhdítear a bheith inniúil chun gníomhú mar phríomhúdarás maoirseachta a inniúlacht ná nach dtarchuirfidh sé an t-ábhar chuig an mBord laistigh den teorainn ama dá dtagraítear sa chéad fhomhír, déanfaidh an t-údarás maoirseachta lenar taisceadh an gearán an t-ábhar a tharchur chuig an mBord le haghaidh réiteach díospóide faoi Airteagal 65(1), pointe (b), de Rialachán (AE) 2016/679.***

***7. Gan dochar dá inghlacthacht, féadfaidh an t-údarás maoirseachta lenar taisceadh gearán nó an príomhúdarás maoirseachta a iarraidh ar an ngearánach faisnéis fhorlíontach a chur isteach chun láimhseáil an ghearáin sin a éascú agus chun a imscrúdú iomlán a chumasú.***

***8. Cuirfidh an príomhúdarás maoirseachta an páirtí faoi imscrúdú ar an eolas gan mhoill faoi thaisceadh gearáin agus faoina phríomhghnéithe.***

*Airteagal 5*

***Luathréiteach***

***1.*** ***Gearán a bhaineann le próiseáil trasteorann a bhaineann le feidhmiú chearta an ábhair sonraí faoi Chaibidil III de Rialachán (AE) 2016/679, féadfaidh ceann de na húdaráis seo a leanas, i gcás inarb iomchuí, é a réiteach trí nós imeachta lena gceadaítear é a réiteach go luath:***

***(a)*** ***an t-údarás maoirseachta lenar taisceadh an gearán, tar éis dó a chinneadh, trí réamhchonclúid, go mbaineann an gearán le próiseáil trasteorann agus sula bhféadfaí an gearán a tharchur chuig an údarás maoirseachta a thoimhdítear a bheith inniúil chun gníomhú mar phríomhúdarás maoirseachta; nó***

***(b)*** ***an príomhúdarás maoirseachta lenar taisceadh an gearán, tráth ar bith sula gcuirfear na réamhthorthaí faoi bhráid na n-údarás maoirseachta eile lena mbaineann de bhun Airteagal 19 den Rialachán seo, nó, i gcás ina mbeidh feidhm ag an nós imeachta comhair shimplí dá dtagraítear in Airteagal 6 den Rialachán seo, sula gcuirfear isteach an dréachtchinneadh.***

***Féadfaidh údaráis mhaoirseachta luathréiteach gearán a spreagadh agus a éascú, agus cumarsáid a dhéanamh leis an bpáirtí faoi imscrúdú nó leis an ngearánach chun na críche sin, de réir mar is iomchuí.***

2. ***Chun críche luathréitigh, i gcás ina suífidh an t-údarás maoirseachta dá dtagraítear i mír 1, an chéad fhomhír, pointe (a) nó (b), bunaithe ar fhianaise thacaíochta, gur cuireadh deireadh leis an sárú líomhnaithe, measfaidh an t-údarás maoirseachta sin nach bhfuil aon chuspóir leis an ngearán.***

***I gcás ina suífear nach bhfuil aon chuspóir leis an ngearán, cuirfidh an t-údarás maoirseachta dá dtagraítear i mír 1, pointe (a) nó (b) an gearánach ar an eolas, trí úsáid a bhaint as teanga shoiléir shimplí faoin méid seo a leanas:***

***(a) gur cuireadh deireadh leis an sárú líomhnaithe agus gur measann sé nach bhfuil aon chuspóir leis an ngearán;***

***(b) iarmhairtí an luathréitigh; agus***

***(c) an fhéidearthacht atá an gearánach agóid a chur isteach i gcoinne an luathréitigh laistigh de 4 seachtaine tar éis faisnéis den sórt sin a fháil.***

3. ***I nós imeachta atá os comhair an údaráis maoirseachta lenar taisceadh gearán, i gcás nach gcuireann an gearánach agóid isteach laistigh den teorainn ama a leagtar amach i mír 2, an dara fomhír, pointe (c), suífidh an t-údarás maoirseachta sin, laistigh de 2 sheachtain ó dhul in éag na teorann ama sin, gur réitíodh an gearán agus, cuirfidh sé an gearánach, an páirtí faoi imscrúdú, agus, i gcás inarb infheidhme, an príomhúdarás maoirseachta, ar an eolas faoin réiteach sin.***

4. *I nós imeachta atá os comhair an phríomhúdaráis maoirseachta lenar taisceadh an gearán, i gcás nach gcuirfidh an gearánach agóid isteach laistigh den teorainn ama a leagtar amach i mír 2, an dara fomhír, pointe (c), den Airteagal seo, cuirfidh an príomhúdarás maoirseachta sin dréachtchinneadh isteach i gcomhréir le hAirteagal 60(3) de Rialachán (AE) 2016/679 laistigh de 4 seachtaine ó dhul in éag na teorann ama sin, d'fhonn cinneadh críochnaitheach a ghlacadh i gcomhréir le hAirteagal 60(7) de Rialachán (AE) 2016/679 lena suitear gur réitíodh an gearán.*

5. *Beidh luathréiteach gearáin gan dochar d'fheidhmiú na gcumhachtaí a leagtar amach in Airteagal 58 de Rialachán (AE) 2016/679 ag an bpríomhúdarás maoirseachta maidir leis an ábhar céanna.*

6. *Ní bheidh feidhm ag Airteagail 10 go 20 maidir le gearáin a réitítear de bhun an Airteagail seo.*

# Caibidil III

# Comhar faoi Airteagal 60 de Rialachán (AE) 2016/679

## Roinn 1

### *Comhar simplí*

***Airteagal 6***

***Nós imeachta comhair shimplí***

***1.*** ***A luaithe a bheidh réamhthuairim ag an bpríomhúdarás maoirseachta ar na príomh-shaincheisteanna in imscrúdú, féadfaidh sé comhoibriú leis na húdaráis mhaoirseachta eile lena mbaineann trí nós imeachta comhair shimplí, i gcomhréir leis an Airteagal seo, sna cásanna seo a leanas:***

***(a)*** ***i gcás ina measann sé nach bhfuil amhras réasúnach ann maidir le raon feidhme an imscrúdaithe, go háirithe maidir le forálacha Rialachán (AE) 2016/679 lena mbaineann an sárú líomhnaithe a dhéanfar a imscrúdú; agus***

***(b)*** ***i gcás nach n-éilítear leis na saincheisteanna dlíthiúla agus fíorasacha arna sainaithint ag an bpríomhúdarás maoirseachta an comhar breise leis na húdaráis mhaoirseachta eile lena mbaineann a bheadh ag teastáil chun críoch imscrúdaithe chasta, go háirithe i gcás inar féidir aghaidh a thabhairt ar na saincheisteanna sin ar bhonn cinntí a rinneadh roimhe sin i gcásanna comhchosúla.***

***I gcás ina gcuireann an príomhúdarás maoirseachta an nós imeachta comhair shimplí dá dtagraítear sa chéad fhomhír i bhfeidhm, ní bheidh feidhm ag Airteagail 10, 11, 16, 19, 20, Airteagal 23(1), pointí (a) agus (b), agus Airteagal 23(2) den Rialachán seo. Cuirfidh an príomhúdarás maoirseachta dréachtchinneadh isteach i gcomhréir le hAirteagal 60(3) de Rialachán (AE) 2016/679 laistigh den teorainn ama dá dtagraítear in Airteagal 12(6) den Rialachán seo.***

2. *Tabharfaidh an príomhúdarás maoirseachta fógra do na húdaráis mhaoirseachta eile lena mbaineann go bhfuil sé de rún aige an nós imeachta comhair shimplí a chur i bhfeidhm agus faisnéis a sholáthar maidir le saintréithe an cháis is ábhartha chun a shuí ar comhlíonadh na coinníollacha a leagtar amach i mír 1, laistigh de 6 seachtaine ón bpríomhúdarás maoirseachta a inniúlacht a dheimhniú de bhun Airteagal 4(6) den Rialachán seo nó de bhun chinneadh ceangailteach ón mBord de bhun Airteagal 65(1), pointe (b), de Rialachán (AE) 2016/679.*

3. *I gcás ina ndéanann aon cheann de na húdaráis mhaoirseachta eile lena mbaineann agóid i gcoinne chur i bhfeidhm an nós imeachta comhair shimplí laistigh de dhá sheachtain tar éis fógra a fháil ina leith, ní bheidh feidhm ag an nós imeachta sin agus dréachtóidh an príomhúdarás maoirseachta achoimre ar na príomh-shaincheisteanna i gcomhréir le hAirteagal 10 agus comhoibreoidh sé leis na húdaráis mhaoirseachta eile lena mbaineann faoi na nósanna imeachta a leagtar amach i gCaibidil III.*

4. *Agus an nós imeachta comhair shimplí á chur i bhfeidhm, áiritheoidh an príomhúdarás maoirseachta, sula gcuirfear dréachtchinneadh isteach, go dtabharfar, i gcás inarb infheidhme, an ceart chun éisteacht a fháil do na páirtithe faoi imscrúdú agus go dtabharfar deis don ghearánach a thuairimí nó a tuairimí a chur in iúl. Chun críoch na míre seo, na módúlachtaí agus na ceanglais riaracháin faoi dhlí nós imeachta náisiúnta an phríomhúdaráis maoirseachta, nó an údaráis maoirseachta lenar taisceadh an gearán, i gcás inarb infheidhme, leanfaidh siad d'fheidhm a bheith acu.*

5. *Níl feidhm ag Caibidil III maidir le cásanna arna láimhseáil ag an údarás maoirseachta lena mbaineann de bhun Airteagal 56(2) de Rialachán (AE) 2016/679.*

## ***ROINN 2***

## ***TEACHT AR CHOMHDHEARCADH DE RÉIR BHRÍ AIRTEAGAL 60(1) DE RIALACHÁN (AE) 2016/679***

### ***Airteagal 7***

### ***Cearta a thabhairt nó a theorannú***

***Baineann na forálacha sa Roinn seo leis an gcomhar idir údaráis mhaoirseachta agus ní thugtar leo cearta do dhaoine aonair ná do na páirtithe faoi imscrúdú, ná ní dhéantar cearta daoine aonair ná páirtithe faoi imscrúdú a theorannú leo.***

### *Airteagal 8*

### *Comhar idir na húdaráis mhaoirseachta*

Agus iad ag comhoibriú d’fhonn teacht ar chomhdhearcadh, dá bhforáiltear in Airteagal 60(1) de Rialachán (AE) 2016/679, féadfaidh údaráis mhaoirseachta na modhanna uile dá bhforáiltear i Rialachán (AE) 2016/679 a úsáid, lena n-áirítear cúnamh frithpháirteach de bhun Airteagal 61 de Rialachán (AE) 2016/679 agus oibríochtaí comhpháirteacha de bhun Airteagal 62 de Rialachán (AE) 2016/679.

*Airteagal 9*

*Faisnéis ábhartha* ***atá le malartú idir an príomhúdarás maoirseachta agus na húdaráis mhaoirseachta eile lena mbaineann***

1. ***Malartóidh*** an príomhúdarás maoirseachta agus na húdaráis mhaoirseachta eile lena mbaineann an fhaisnéis ábhartha ***dá dtagraítear in Airteagal 60(1) agus (3) de Rialachán (AE) 2016/679***. ▌ Áireofar san fhaisnéis sin, i gcás inarb infheidhme:

(a) faisnéis maidir le himscrúdú a oscailt ar shárú líomhnaithe ar Rialachán (AE) 2016/679;

(b) iarrataí ar fhaisnéis de bhun Airteagal 58(1), pointe (e), de Rialachán (AE) 2016/679 ***agus doiciméid ghaolmhara a eascraíonn as na hiarrataí sin***;

(c) faisnéis faoi úsáid cumhachtaí imscrúdaitheacha eile dá dtagraítear in Airteagal 58(1) de Rialachán (AE) 2016/679 ***agus doiciméid ghaolmhara a eascraíonn as feidhmiú na gcumhachtaí imscrúdaitheacha sin***;

(d) i gcás ina mbeartaítear diúltú do ghearán go hiomlán nó go páirteach nó é a dhíbhe, go hiomlán nó go páirteach na cúiseanna atá ag an bpríomhúdarás maoirseachta leis an ngearán a dhiúltú nó a dhíbhe;

***(e)*** faisnéis faoi ***luathréiteach an ghearáin de bhun Airteagal 5 den Rialachán seo;***

(f) achoimre ar na príomh-shaincheisteanna ***agus barúlacha maidir leis an achoimre sin*** dá dtagraítear in Airteagal 10 den Rialachán seo;

***(g) faisnéis faoi raon feidhme an imscrúdaithe;***

***(h) faisnéis faoi fhorbairtí nó faoi thorthaí a bhféadfadh modhnú ar raon feidhme an imscrúdaithe nó tionscnamh imscrúdú nua a bheith mar thoradh orthu;***

(i) faisnéis maidir leis na bearta ***arna ndéanamh agus anailís dhlíthiúil arna déanamh*** arb é is aidhm dóibh a chinneadh an ndearnadh sárú ar Rialachán (AE) 2016/679 sula n-ullmhaítear na réamhchinntí ***agus an dréachtchinneadh***;

(j) réamhthorthaí;

(k) freagairtí na bpáirtithe faoi imscrúdú do na réamhthorthaí;

(l) tuairimí an ghearánaigh ar an ***leagan neamhrúnda de*** na réamhthorthaí ***agus, más ábhartha, ar ghnéithe eile den imscrúdú a bhféadfadh aighneachtaí foirmiúla i scríbhinn a bheith déanta ina leith ag an ngearánach***;

(m) i gcás ina ndiúltaítear do ghearán go hiomlán nó go páirteach nó ina ndíbhtear go hiomlán nó go páirteach é, aighneachtaí i scríbhinn ón ngearánach;

(n) faisnéis faoi aon bhearta ábhartha a dhéanfaidh an príomhúdarás maoirseachta tar éis freagairtí na bpáirtithe faoi imscrúdú do na réamhthorthaí a fháil agus sula gcuirfear dréachtchinneadh isteach dá dtagraítear in Airteagal 60(3) de Rialachán (AE) 2016/679***;***

***(o) tuairimí na bpáirtithe faoi imscrúdú maidir le dréachtchinneadh athbhreithnithe;***

***(p) aon fhaisnéis eile a mheastar a bheith úsáideach agus ábhartha don imscrúdú.***

***2. Le linn an imscrúdaithe, malartóidh an príomhúdarás maoirseachta agus na húdaráis mhaoirseachta eile lena mbaineann an fhaisnéis dá dtagraítear i mír 1 den Airteagal seo a luaithe is féidir agus tráth nach déanaí ná seachtain amháin ón uair a bheidh faisnéis den sórt sin ar fáil, mura bhforáiltear a mhalairt sa Rialachán seo nó i Rialachán (AE) 2016/679.***

***3. Féadfaidh an Bord na módúlachtaí agus na ceanglais a shonrú maidir le faisnéis ábhartha a mhalartú idir údaráis mhaoirseachta.***

*Airteagal 10*

*Achoimre ar phríomh-shaincheisteanna*

1. A luaithe a bheidh réamhthuairim ag an bpríomhúdarás maoirseachta ar na príomh-shaincheisteanna in imscrúdú, dréachtóidh sé achoimre ar phríomh-shaincheisteanna chun críche comhair faoi Airteagal 60(1) de Rialachán (AE) 2016/679.

2. Áireofar san achoimre ar phríomh-shaincheisteanna an méid seo a leanas:

(a) na príomhfhíorais ábhartha;

(b) réamh-shainaithint raon feidhme an imscrúdaithe, go háirithe forálacha Rialachán (AE) 2016/679 lena mbaineann an sárú líomhnaithe a dhéanfar a imscrúdú;

(c) ***saincheisteanna*** dlíthiúla agus ***fíorasacha*** arna sainaithint;

***(d) anailís ar thuairimí ábhartha arna gcur in iúl ag an bpáirtí faoi imscrúdú nó ag an ngearánach i gcás ina mbíonn na tuairimí sin ar fáil tráth dréachtaithe na hachoimre ar na príomh-shaincheisteanna;***

(e) ***i gcás inarb infheidhme,*** bearta ceartaitheacha féideartha a réamh-shainaithint.

***3. Tabharfaidh an príomhúdarás maoirseachta achoimre ar na príomh-shaincheisteanna do na húdaráis mhaoirseachta eile lena mbaineann gan mhoill, agus laistigh de 3 mhí ón bpríomhúdarás maoirseachta a inniúlacht a dheimhniú de bhun Airteagal 4(6) den Rialachán seo nó cinneadh ceangailteach ón mBord de bhun Airteagal 65(1), pointe (b), de Rialachán (AE) 2016/679.***

4. Féadfaidh na húdaráis mhaoirseachta lena mbaineann barúlacha a thabhairt maidir leis an achoimre ar phríomh-shaincheisteanna laistigh de 4 seachtaine tar éis an achoimre sin a fháil. ***Féadfaidh an príomhúdarás maoirseachta síneadh 2 sheachtain a chur leis an tréimhse sin mar gheall ar chastacht an cháis nó arna iarraidh sin do na húdaráis mhaoirseachta eile lena mbaineann.***

***5. I gcásanna ina dtugann na húdaráis mhaoirseachta lena mbaineann barúlacha de bhun mhír 4, déanfar na barúlacha a chomhroinnt leis na húdaráis mhaoirseachta eile uile lena mbaineann. Freagróidh an príomhúdarás maoirseachta do na barúlacha sin laistigh de 4 seachtaine tar éis don tréimhse dá dtagraítear i mír 4 dul in éag, ag léiriú an bhfuil sé beartaithe aige iad a chur san áireamh agus conas a chuirfidh sé san áireamh iad. Féadfaidh an príomhúdarás maoirseachta síneadh 2 sheachtain a chur leis an tréimhse sin mar gheall ar chastacht an cháis.***

***6. Agus cás á aistriú chuig an bpríomhúdarás maoirseachta, féadfaidh an t-údarás maoirseachta lenar taisceadh an gearán faisnéis atá ábhartha maidir le hullmhú na hachoimre ar phríomh-shaincheisteanna a sholáthar don phríomhúdarás maoirseachta.***

***7. Féadfaidh an Bord na módúlachtaí agus na ceanglais a shonrú chun go soláthróidh na húdaráis mhaoirseachta lena mbaineann barúlacha maidir leis an achoimre ar na príomh-shaincheisteanna.***

*Airteagal 11*

*Modhanna a úsáid chun teacht ar chomhdhearcadh*

***1. De bhun Airteagal 60(1) de Rialachán (AE) 2016/679, féachfaidh an príomhúdarás maoirseachta agus na húdaráis mhaoirseachta eile lena mbaineann le teacht ar chomhdhearcadh maidir le cásanna a bhaineann le próiseáil trasteorann, i gcomhréir leis an Airteagal seo, agus féadfaidh siad úsáid a bhaint as na modhanna uile dá bhforáiltear i Rialachán (AE) 2016/679, lena n-áirítear cúnamh frithpháirteach de bhun Airteagal 61 de Rialachán (AE) 2016/679 agus oibríochtaí comhpháirteacha de bhun Airteagal 62 de Rialachán (AE) 2016/679.***

2. ***I gcás ina n-easaontaíonn údarás maoirseachta lena mbaineann leis an bpríomhúdarás maoirseachta agus in éagmais comhdhearcaidh, féadfaidh*** an t-údarás maoirseachta sin cúnamh frithpháirteach a iarraidh faoi Airteagal 61 de Rialachán (AE) 2016/679 ar an bpríomhúdarás maoirseachta ***nó féadfaidh sé a iarraidh ar an bpríomhúdarás maoirseachta oibríochtaí comhpháirteacha a dhéanamh de bhun*** Airteagal 62 de Rialachán (AE) 2016/679, nó an dá rud***, chun teacht ar chomhdhearcadh*** maidir leis an méid seo a leanas:

(a) raon feidhme an imscrúdaithe i gcásanna atá bunaithe ar ghearáin, lena n-áirítear forálacha Rialachán (AE) 2016/679 lena mbaineann an sárú líomhnaithe a dhéanfar a imscrúdú;

(b) ***na saincheisteanna*** dlíthiúla ***nó fíorasacha*** dá dtagraítear in Airteagal 10(2), pointe (c), den Rialachán seo, ***i gcás inarb infheidhme***;

▌

***(c) réamh-shainaithint bearta ceartaitheacha a d'fhéadfadh a bheith ann de bhun Airteagal 10(2), pointe (e), den Rialachán seo.***

3. Déanfar iarraidh faoi mhír 2 laistigh ***d'aon mhí amháin*** ó dhul in éag na tréimhse dá dtagraítear in Airteagal ***10(5)***.

***4. I gcás ina ndéantar iarraidh de bhun mhír 2 den Airteagal seo chun oibríochtaí comhpháirteacha a sheoladh de bhun Airteagal 62 de Rialachán (AE) 2016/679, freagróidh an príomhúdarás maoirseachta an iarraidh sin laistigh de mhí amháin tar éis dó í a fháil.***

5. Rachaidh an príomhúdarás maoirseachta i dteagmháil leis na húdaráis mhaoirseachta eile lena mbaineann ar bhonn a mbarúlacha maidir leis an achoimre ar na príomh-shaincheisteanna, agus, i gcás inarb infheidhme, mar fhreagairt d'iarrataí faoi Airteagail 61 agus 62 de Rialachán (AE) 2016/679, chun teacht ar chomhdhearcadh. Úsáidfear an chomhdhearcadh maidir le hábhair dá dtagraítear i mír 2 den Airteagal seo mar bhonn don phríomhúdarás maoirseachta leanúint den imscrúdú agus na réamhthorthaí a dhréachtú nó, i gcás inarb infheidhme, an réasúnú a sholáthar don údarás maoirseachta lenar taisceadh an gearán chun críocha Airteagal 16(1) den Rialachán seo.

6. Más rud é, in imscrúdú atá bunaithe ar ghearáin***, de réir na nósanna imeachta faoi Airteagal 10(5) den Rialachán seo agus faoi mhír 5 den Airteagal seo,*** nach bhfuil aon chomhdhearcadh idir an príomhúdarás maoirseachta agus ▌ údarás maoirseachta eile amháin nó níos mó ***lena mbaineann*** maidir le ***réamh-shainaithint raon feidhme an imscrúdaithe dá dtagraítear*** in Airteagal 10(2), pointe (b), den Rialachán seo ▌, toimhdeofar go bhfuil na coinníollacha maidir le cinneadh ceangailteach práinneach a iarraidh faoi Airteagal 66(3) de Rialachán (AE) 2016/679 comhlíonta agus iarrfaidh an príomhúdarás maoirseachta cinneadh ceangailteach práinneach ón mBord faoi Airteagal 66(3) de Rialachán (AE) 2016/679.

7. Agus cinneadh ceangailteach práinneach ón mBord á iarraidh aige de bhun mhír 6 den Airteagal seo, soláthróidh an príomhúdarás maoirseachta an méid seo a leanas don Bhord:

(a) an ***fhaisnéis*** dá dtagraítear in Airteagal 10(2); ▌

(b) barúlacha ***na n-údarás maoirseachta*** eile lena mbaineann ***nach n-aontaíonn le*** réamh-shainaithint an phríomhúdaráis maoirseachta ar raon feidhme an imscrúdaithe***;***

***(c) cumarsáid bhreise idir an príomhúdarás maoirseachta agus na húdaráis mhaoirseachta eile lena mbaineann faoi Airteagal 10(5) agus Airteagal 11(5);***

***(d) aon doiciméad nó faisnéis ábhartha eile de réir mar a iarrann an Bord.***

8. Glacfaidh an Bord cinneadh ceangailteach práinneach maidir le raon feidhme an imscrúdaithe ar bhonn ***na faisnéise uile a fhaightear***.

▌

***Airteagal 12***

***Teorainneacha ama chun dréachtchinneadh a chur isteach***

***1.*** ***Cuirfidh an príomhúdarás maoirseachta dréachtchinneadh isteach de bhun Airteagal 60(3) de Rialachán (AE) 2016/679 laistigh de 15 mhí ón bpríomhúdarás maoirseachta a inniúlacht a dheimhniú de bhun Airteagal 4(6) den Rialachán seo nó cinneadh ceangailteach ón mBord de bhun Airteagal 65(1), pointe (b), de Rialachán (AE) 2016/679.***

***2.*** ***I gcás ina ndéanann an príomhúdarás maoirseachta iarraidh de bhun Airteagal 11(6), cuirfear an teorainn ama dá dtagraítear i mír 1 den Airteagal seo ar fionraí go dtí go mbeidh a chinneadh ceangailteach glactha ag an mBord.***

***3.*** ***Ar bhonn eisceachtúil, féadfaidh an príomhúdarás maoirseachta síneadh a chur leis an teorainn ama dá dtagraítear i mír 1 uair amháin, ar feadh tréimhse nach faide ná 12 mhí, mar gheall ar chastacht an cháis. Cuirfidh an príomhúdarás maoirseachta na húdaráis mhaoirseachta eile lena mbaineann ar an eolas go bhfuil sé de rún aige síneadh a chur leis an teorainn ama dá dtagraítear i mír 1, ina leagfar amach fad an tsínidh atá beartaithe agus na cúiseanna atá leis, 4 seachtaine ar a laghad roimh dhul in éag na teorann ama dá dtagraítear i mír 1.***

***4.*** ***Féadfaidh aon údarás maoirseachta lena mbaineann agóid a chur isteach i gcoinne síneadh a chur leis an teorainn ama laistigh de 2 sheachtain tar éis dó a bheith curtha ar an eolas faoi sin de bhun mhír 3. Leagfaidh an t-údarás sin amach na cúiseanna lena agóid. Agus cinneadh á dhéanamh an gcuirfear síneadh leis an teorainn ama dá dtagraítear i mír 1 agus, i gcás inarb infheidhme, fad an tsínidh sin á chinneadh, tabharfaidh an príomhúdarás maoirseachta aird chuí ar agóid den sórt sin.***

***5. I gcás ina gcuireann an príomhúdarás maoirseachta síneadh leis an teorainn ama dá dtagraítear i mír 1 den Airteagal seo i gcomhréir le míreanna 3 agus 4 den Airteagal seo, féadfaidh aon údarás maoirseachta eile lena mbaineann an príomhúdarás maoirseachta a chur ar an eolas go measann sé go bhfuil gá le gníomhú chun cearta agus saoirsí na n-ábhar sonraí a chosaint. I gcás nach gcuirfidh an príomhúdarás maoirseachta dréachtchinneadh isteach laistigh den teorainn ama sínithe, féadfaidh údarás maoirseachta a chuir an príomhúdarás maoirseachta ar an eolas gur gá gníomhú chun cearta agus saoirsí na n-ábhar sonraí a chosaint beart sealadach a ghlacadh ar chríoch a Bhallstáit i gcomhréir le hAirteagal 55 de Rialachán (AE) 2016/679. Sa chás sin, toimhdeofar gur comhlíonadh an gá práinneach atá le gníomhú faoi Airteagal 66(1) de Rialachán (AE) 2016/679.***

***6. I gcás ina gcuirtear an nós imeachta comhair shimplí faoi Airteagal 6 den Rialachán seo i bhfeidhm, cuirfidh an príomhúdarás maoirseachta dréachtchinneadh isteach de bhun Airteagal 60(3) de Rialachán (AE) 2016/679 laistigh de 12 mhí ón bpríomhúdarás maoirseachta a inniúlacht a dheimhniú de bhun Airteagal 4(6) den Rialachán seo nó cinneadh ceangailteach ón mBord de bhun Airteagal 65(1), pointe (b), de Rialachán (AE) 2016/679.***

***I gcás ina gceanglaítear leis an dlí náisiúnta imeachtaí intíre roimh ré nó ina dhiaidh sin lena n-éilítear go gcuirfear dréachtchinneadh de bhun Airteagal 60(3) de Rialachán (AE) 2016/679 isteach tar éis dhul in éag na teorann ama dá dtagraítear sa chéad fhomhír, féadfaidh an príomhúdarás maoirseachta síneadh a chur leis an teorainn ama sin uair amháin, ar feadh tréimhse nach faide ná 2 mhí. I gcás den sórt sin, cuirfidh an príomhúdarás maoirseachta na húdaráis mhaoirseachta eile lena mbaineann ar an eolas faoi shíneadh na teorann ama, lena leagtar amach fad an tsínidh sin, 2 sheachtain ar a laghad roimh dhul in éag na teorann ama dá dtagraítear sa chéad fhomhír.***

▌

*Airteagal 13*

***Imeachtaí intíre ina dhiaidh sin***

***1. I gcás ina gceanglaítear leis an dlí náisiúnta go dtionscnófar imeachtaí intíre ina dhiaidh sin a bhaineann leis an gcás céanna tar éis cinneadh a ghlacadh de bhun Airteagal 18 nó 21, déanfaidh an príomhúdarás maoirseachta an méid seo a leanas:***

***(a) gan achoimre nua ar na príomh-shaincheisteanna a dhréachtú;***

***(b) na céimeanna nós imeachta a athdhéanamh i gcomhréir le hAirteagal 16 nó le hAirteagail 19 agus 20 i gcás nach ionann measúnú fíorasach nó dlíthiúil an phríomhúdaráis maoirseachta agus cinneadh a rinneadh roimhe sin de bhun Airteagal 18 nó 21, agus sa chás sin amháin; agus***

***(c) dréachtchinneadh a chur isteach sula nglacfar aon chinneadh ina dhiaidh sin nach ionann é agus cinneadh a rinneadh roimhe sin de bhun Airteagal 18 nó 21.***

***2. Beidh feidhm ag na teorainneacha ama dá dtagraítear in Airteagal 12 maidir le dréachtchinneadh a chur isteach in aon imeachtaí ina dhiaidh sin dá dtagraítear i mír 1 den Airteagal seo.***

***ROINN 3***

***TEORAINNEACHA AMA A CHUR I BHFEIDHM***

*Airteagal 14*

***Dlíthiúlacht agus bailíocht na gcéimeanna nós imeachta agus an chinnidh chríochnaithigh***

***I gcás ina gceanglaítear leis an Rialachán seo nó le hAirteagal 65(6) de Rialachán (AE) 2016/679 go nglacfaidh údarás maoirseachta céim nós imeachta laistigh de theorainn ama shonraithe, ní dhéanfaidh glacadh céime den sórt sin tar éis dhul in éag na teorann ama sin difear do dhlíthiúlacht ná do bhailíocht na céime nós imeachta sin ná an chinnidh chríochnaithigh.***

*Airteagal 15*

***Teorainneacha ama agus an ceart chun leigheas breithiúnach éifeachtach a fháil***

***Agus cinneadh á dhéanamh ar láimhseáil údarás maoirseachta gearán de bhun Airteagal 78(2) de Rialachán (AE) 2016/679, déanfar breithniú i dtaobh an ndearna an t-údarás maoirseachta sin, laistigh den teorainn ama dá bhforáiltear sa Rialachán seo nó in Airteagal 65(6) de Rialachán (AE) 2016/679, lena n-áirítear aon síneadh a d'fhéadfaí a chur le teorainn ama den sórt sin, an méid seo a leanas:***

***(a)*** ***dréachtchinneadh nó dréachtchinneadh athbhreithnithe a chur isteach; nó***

***(b)*** ***cinneadh críochnaitheach a ghlacadh.***

## ROINN 4

## DIÚLTÚ DO GHEARÁN GO HIOMLÁN NÓ GO PÁIRTEACH NÓ É A DHÍBHE GO HIOMLÁN NÓ GO PÁIRTEACH

*Airteagal 16*

***Nós imeachta chun diúltú*** *do ghearán go hiomlán nó go páirteach* ***nó é a dhíbhe*** *go hiomlán nó go páirteach* ***de réir bhrí Airteagal 60(8) agus (9) de Rialachán (AE) 2016/679***

1. ***I gcás ina mbeartaíonn an príomhúdarás maoirseachta diúltú do ghearán go hiomlán nó go páirteach nó é a dhíbhe go hiomlán nó go páirteach, soláthróidh sé don údarás maoirseachta lenar taisceadh an gearán, sula gcuirfidh sé dréachtchinneadh isteach de bhun Airteagal 60(3) de Rialachán (AE) 2016/679,*** na cúiseanna lena réamhthuairim go bhfuiltear le diúltú don ghearán go hiomlán nó go páirteach ***nó é a dhíbhe*** *go hiomlán nó go páirteach*.

***Cuirfidh an t-údarás maoirseachta lenar taisceadh an gearán an gearánach ar an eolas faoi na cúiseanna leis an réamhthuairim dá dtagraítear sa chéad fhomhír, tabharfaidh sé deis don ghearánach a thuairimí nó a tuairimí a chur in iúl i scríbhinn agus cuirfidh sé an gearánach ar an eolas faoi na hiarmhairtí a bhaineann le gan a thuairimí a chur in iúl.***

***Socróidh an príomhúdarás maoirseachta teorainn ama iomchuí don ghearánach chun a thuairimí a chur in iúl. Ní bheidh an teorainn ama sin níos giorra ná trí seachtaine agus ní bheidh sé níos faide ná 6 seachtaine.***

2. ***Tarchuirfidh*** an t-údarás maoirseachta lenar taisceadh an gearán ***aon tuairimí arna gcur in iúl ag an ngearánach don phríomhúdarás*** maoirseachta***, a luaithe is féidir agus tráth nach déanaí ná seachtain amháin ón uair a bheidh siad ar fáil***.

3. ***I gcás nach mbeidh athrú ar an réamhthuairim dá dtagraítear i mír 1 den Airteagal seo, an chéad fhomhír, mar thoradh ar na tuairimí arna gcur in iúl ag an ngearánach i gcomhréir le mír 1, ullmhóidh an príomhúdarás maoirseachta, i gcomhar*** leis an údarás maoirseachta lenar taisceadh an gearán***,*** ▌ ***dréachtchinneadh agus cuirfidh sé é faoi bhráid na n-údarás maoirseachta eile lena mbaineann, i gcomhréir le hAirteagal 60(3) de Rialachán (AE) 2016/679***.

▌

4. ***I gcás ina gcinntear sa dréachtchinneadh arna chur isteach de bhun mhír 3 go ndéanfar an gearán a dhiúltú nó a díbhe go páirteach, leanfaidh an príomhúdarás maoirseachta dá imscrúdú i gcomhar leis na húdaráis mhaoirseachta eile lena mbaineann ar an gcuid den ghearán atá fós le himscrúdú.***

*Airteagal 17*

*Dréachtchinneadh athbhreithnithe lena ndiúltófar do* ***ghearán go hiomlán nó go páirteach nó lena ndíbhtear go hiomlán nó go páirteach é***

I gcás ina ***gcinneann*** an príomhúdarás maoirseachta go n-ardaíonn an dréachtchinneadh athbhreithnithe de réir bhrí Airteagal 60(5) de Rialachán (AE) 2016/679***, lena ndiúltófar do ghearán go hiomlán nó go páirteach nó lena ndíbhtear é go hiomlán nó go páirteach,*** gnéithe ***nua*** ar cheart an deis a bheith ag an ngearánach chun a thuairimí nó a tuairimí a chur in iúl ina leith, tabharfaidh an t-údarás maoirseachta lenar taisceadh an gearán, sula gcuirfear an dréachtchinneadh athbhreithnithe isteach faoi Airteagal 60(5) de Rialachán (AE) 2016/679, deis don ghearánach a thuairimí nó a tuairimí a chur in iúl maidir le gnéithe nua den sórt sin ***i gcomhréir le hAirteagal 16 den Rialachán seo***.

*Airteagal 18*

*Cinneadh* ***lena ndiúltófar do ghearán go hiomlán nó go páirteach nó lena ndíbhtear go hiomlán nó go páirteach é***

Agus cinneadh lena ndiúltófar do ***ghearán go hiomlán nó go páirteach nó lena ndíbhtear go hiomlán nó go páirteach é*** á ghlacadh aige i gcomhréir le ***hAirteagal 60(8) nó (9)*** de Rialachán (AE) 2016/679, cuirfidh an t-údarás maoirseachta lenar taisceadh an gearán an gearánach ar an eolas faoin leigheas breithiúnach atá ar fáil dó nó di i gcomhréir le hAirteagal 78 de Rialachán (AE) 2016/679.

## ROINN 5

## CINNTÍ ATÁ DÍRITHE AR *PHÁIRTITHE FAOI IMSCRÚDÚ*

*Airteagal 19*

*Réamhthorthaí agus* ***an ceart chun éisteacht a fháil***

1. ***Tar éis na gcomhairliúchán agus na nósanna imeachta faoi Airteagail 10 agus 11 den Rialachán seo,*** i gcás ina mbeartaíonn an príomhúdarás maoirseachta dréachtchinneadh de réir bhrí Airteagal 60(3) de Rialachán (AE) 2016/679 lena gcinntear sárú ar Rialachán (AE) 2016/679 a chur faoi bhráid na n-údarás maoirseachta eile lena mbaineann, dréachtóidh sé réamhthorthaí.

2. ***Áireofar sna*** réamhthorthaí ***torthaí an imscrúdaithe agus*** cuirfear i láthair iontu na líomhaintí arna ndéanamh, ar bhealach uileghabhálach agus soiléir go leor chun a chur ar chumas na bpáirtithe a bheith ar an eolas faoin iompar arna imscrúdú ag an bpríomhúdarás maoirseachta. Go háirithe, ***déanfaidh*** na réamhthorthaí na fíorais uile***, liosta na fianaise ar fad ar a bhfuiltear ag brath,*** agus an measúnú dlíthiúil iomlán a ardaíodh i gcoinne na bpáirtithe faoi imscrúdú a leagan amach go soiléir, ionas gur féidir leo a dtuairimí a chur in iúl maidir leis na fíorais sin agus na conclúidí dlíthiúla a bhfuil sé beartaithe ag an bpríomhúdarás maoirseachta feidhm a bhaint astu sa dréachtchinneadh de réir bhrí Airteagal 60(3) de Rialachán (AE) 2016/679.

Léireoidh na réamhthorthaí***, bunaithe ar an bhfaisnéis atá ar fáil ag an gcéim sin agus gan dochar do thuairimí na bpáirtithe faoi imscrúdú,*** na bearta ceartaitheacha a ***bhfuil sé ar intinn ag an bpríomhúdarás*** maoirseachta ***feidhm a bhaint astu***.

I gcás ina mbíonn an príomhúdarás maoirseachta***, bunaithe ar an bhfaisnéis atá ar fáil ag an gcéim sin agus gan dochar do thuairimí na bpáirtithe faoi imscrúdú, ag féachaint le fíneáil riaracháin a fhorchur i gcomhréir le hAirteagal 83 de Rialachán (AE) 2016/679, liostóidh sé sna réamhthorthaí na príomhghnéithe dlíthiúla agus fíorasacha, arb eol dó iad, agus a bhfuil sé beartaithe aige brath orthu agus cinneadh á dhéanamh aige cé acu a ghearrfar nó nach ngearrfar fíneáil riaracháin agus méid na fíneála sin, ag féachaint do*** na gnéithe a liostaítear in Airteagal 83(2) de Rialachán (AE) 2016/679, lena n-áirítear aon tosca géaraitheacha nó maolaitheacha a bhfuil sé beartaithe aige a chur san áireamh.

***3. Tarchuirfidh an príomhúdarás maoirseachta na réamhthorthaí chuig na húdaráis mhaoirseachta eile lena mbaineann. Féadfaidh na húdaráis sin barúlacha maidir leis na torthaí sin a sholáthar don phríomhúdarás maoirseachta laistigh de 4 seachtaine ó tharchur na réamhthorthaí chuig na húdaráis mhaoirseachta eile lena mbaineann. Arna iarraidh sin do cheann de na húdaráis mhaoirseachta eile lena mbaineann, cuirfidh an príomhúdarás maoirseachta síneadh 2 sheachtain leis an tréimhse sin.***

4. Seolfaidh an príomhúdarás maoirseachta na réamhthorthaí, arna leasú***, i gcás inarb ábhartha, chun barúlacha a thug na húdaráis mhaoirseachta eile lena mbaineann a chur san áireamh,*** chuig gach ceann de na páirtithe faoi imscrúdú.

5. Déanfaidh an príomhúdarás maoirseachta, agus na réamhthorthaí á gcur in iúl aige do na páirtithe faoi imscrúdú, teorainn ama ***iomchuí*** a shocrú ***nach giorra ná 3 seachtaine agus nach faide ná 6 seachtaine ó dháta an fhógra,*** ar lena linn a fhéadfaidh na páirtithe ***sin*** a dtuairimí a chur ar fáil i scríbhinn***, nó éisteacht a thionól laistigh den teorainn ama chéanna chun tuairimí na bpáirtithe faoi imscrúdú a chloisteáil ó bhéal***.

6. Agus na réamhthorthaí á gcur in iúl do na páirtithe faoi imscrúdú, tabharfaidh an príomhúdarás maoirseachta rochtain do na páirtithe sin ar an gcomhad riaracháin i gcomhréir le hAirteagail ***24 agus 25***.

7. Féadfaidh na páirtithe faoi imscrúdú, ina bhfreagra ar réamhthorthaí, na fíorais agus na hargóintí dlíthiúla ar fad atá ar eolas acu agus atá ábhartha dá gcosaint i gcoinne líomhaintí an phríomhúdaráis maoirseachta a leagan amach. Cuirfidh siad i gceangal aon doiciméad ábhartha mar chruthúnas ar na fíorais a leagtar amach. Ní bhunóidh an príomhúdarás maoirseachta a dhréachtchinneadh ach amháin ar na líomhaintí agus ar na fíorais agus ar an measúnú dlíthiúil bunaithe ar na fíorais sin ar tugadh deis do na páirtithe faoi imscrúdú a dtuairimí a thabhairt ina leith.

*Airteagal 20*

*Na réamhthorthaí a tharchur chuig gearánaigh*

1. I gcás ina n-eisíonn an príomhúdarás maoirseachta réamhthorthaí a bhaineann le hábhar a bhfuil gearán faighte aige ina leith, soláthróidh an t-údarás maoirseachta lenar taisceadh an gearán na réamhthorthaí ***sin*** don ghearánach***, i gcomhréir le rialacha maidir le rochtain ar an gcomhad riaracháin agus ar fhaisnéis rúnda faoi Airteagail 24 agus 25,*** agus socróidh an príomhúdarás maoirseachta teorainn ama ***iomchuí nach giorra ná trí seachtaine agus nach faide ná 6 seachtaine***, ar lena linn a fhéadfaidh an gearánach ***a thuairimí nó a tuairimí*** a chur in iúl i scríbhinn.

***2. Chun críoch mhír 1, na socruithe agus na módúlachtaí riaracháin faoi dhlí nós imeachta náisiúnta an údaráis mhaoirseachta lenar taisceadh an gearán, leanfaidh siad d'fheidhm a bheith acu.***

3. Beidh feidhm ag mír 1 den Airteagal seo ***freisin i gcás ina ndéanann an príomhúdarás maoirseachta an méid seo a leanas:***

***(a) gearán a láimhseáil i gcomhpháirt le*** gearáin eile;

(b) ***cuid de ghearán a láimhseáil ar leithligh; nó***

***(c)*** raon feidhme an imscrúdaithe ***a mhodhnú*** sna réamhthorthaí ***ar bhealach ar bith, lena n-áirítear tar éis cinneadh ceangailteach ón mBord de bhun Airteagal 11(8)***.

▌

*Airteagal 21*

*Glacadh an chinnidh chríochnaithigh*

***1.*** Tar éis dóibh an dréachtchinneadh a chur faoi bhráid na n-údarás maoirseachta eile lena mbaineann de bhun Airteagal 60(3) de Rialachán (AE) 2016/679 agus i gcás ***nach ndéanfaidh*** aon cheann de na húdaráis mhaoirseachta eile sin ***agóid i gcoinne an dréachtchinnidh*** laistigh de na tréimhsí dá dtagraítear in Airteagal 60(4) ***nó*** (5) de Rialachán (AE) 2016/679***, de réir mar is infheidhme,*** déanfaidh an príomhúdarás maoirseachta an méid seo a leanas***, laistigh de mhí amháin ó dheireadh na tréimhse dá dtagraítear in*** Airteagal 60(4) nó (5) de Rialachán (AE) 2016/679***:***

***(a)*** ***a chinneadh dá dtagraítear in Airteagal 60(7) nó, i gcás inarb infheidhme, Airteagal 60(9), de Rialachán (AE) 2016/679 a ghlacadh; agus***

***(b)*** ***fógra a thabhairt faoin gcinneadh dá dtagraítear i bpointe (a) do phríomhbhunaíocht nó do bhunaíocht aonair an rialaitheora nó an phróiseálaí, de réir mar a bheidh.***

***2.*** ***Is é a bheidh san fhaisnéis atá le soláthar don ghearánach de bhun Airteagal 60(7) agus (9) de Rialachán (AE) 2016/679, an méid seo a leanas:***

***(a)*** ***leagan den chinneadh arna ghlacadh lena n-áirítear a chuid oibríochtúil ina hiomláine agus forais an chinnidh sin nach n-áirítear ann gnéithe a mheastar a bheith rúnda i gcomhréir le hAirteagal 25 den Rialachán seo; nó***

***(b)*** ***achoimre ar an gcinneadh arna ghlacadh, lena n-áirítear fíorais agus forais ábhartha an chinnidh sin.***

***In aon chás, soláthrófar don ghearánach, arna iarraidh sin, leagan den chinneadh dá dtagraítear sa chéad fhomhír lena n-áirítear a chuid oibríochtúil ina hiomláine agus forais an chinnidh sin nach n-áirítear leis gnéithe a mheastar a bheith rúnda i gcomhréir le hAirteagal 25 den Rialachán seo.***

***Leanfaidh módúlachtaí agus ceanglais riaracháin faoi dhlí nós imeachta náisiúnta an phríomhúdaráis maoirseachta d'fheidhm a bheith acu.***

*Airteagal 22*

*An ceart chun éisteacht a fháil i ndáil leis an dréachtchinneadh athbhreithnithe* ***lena gcinntear sárú***

1. I gcás ina gcinneann an príomhúdarás maoirseachta go n-eascraíonn gnéithe nua as an dréachtchinneadh athbhreithnithe de réir bhrí Airteagal 60(5) de Rialachán (AE) 2016/679***, lena gcinntear sárú ar Rialachán (AE) 2016/679,*** gnéithe ***nua*** a mbeidh an deis ag na páirtithe faoi imscrúdú chun a dtuairimí a chur in iúl ina leith, tabharfaidh an príomhúdarás maoirseachta, sula gcuirfear an dréachtchinneadh athbhreithnithe isteach faoi Airteagal 60(5) de Rialachán (AE) 2016/679, deis do na páirtithe faoi imscrúdú chun a dtuairimí a chur in iúl maidir le gnéithe nua den sórt sin.

2. Socróidh an príomhúdarás maoirseachta teorainn ama ***iomchuí nach giorra ná 3 seachtaine agus nach faide ná 6 seachtaine*** ina bhféadfaidh na páirtithe faoi imscrúdú a dtuairimí a chur in iúl.

***3. Cuirfidh an príomhúdarás maoirseachta na húdaráis mhaoirseachta eile lena mbaineann ar an eolas faoi na tuairimí arna gcur in iúl ag na páirtithe faoi imscrúdú, a luaithe is féidir agus tráth nach déanaí ná seachtain amháin ón tráth a bheidh siad ar fáil.***

## ROINN 6

### AGÓIDÍ ÁBHARTHA RÉASÚNAITHE

*Airteagal 23*

*Agóidí ábhartha réasúnaithe*

1. Maidir le hagóid ábhartha réasúnaithe, mar a shainmhínítear in Airteagal 4, pointe (24), de Rialachán (AE) 2016/679:

(a) beidh siad bunaithe ▌ ar ghnéithe fíorasacha ***agus dlíthiúla*** a áirítear sa dréachtchinneadh ***nó sa chomhad comhair***; ▌

(b) ***ní bhainfidh siad le*** raon feidhme ***imscrúdaithe i gcás nár thug aon cheann de na húdaráis mhaoirseachta lena mbaineann barúlacha i gcomhréir le hAirteagal 10(4) den Rialachán seo nó i gcás inar thángthas ar chomhdhearcadh tar éis barúlacha a fháil, ná le raon feidhme imscrúdaithe mar a shainmhínítear i gcinneadh ceangailteach ón mBord arna ghlacadh faoi Airteagal 11(8) den Rialachán seo;***

***(c) ní bhainfidh siad le dréachtchinneadh arna ghlacadh i gcomhréir le hAirteagal 5 den Rialachán seo.***

***2. D'ainneoin mhír 1, pointe (b), féadfaidh údarás maoirseachta lena mbaineann agóidí ábhartha réasúnaithe a bhaineann le raon feidhme imscrúdaithe dá dtagraítear i mír 1, pointe (b), a chur isteach, i gcásanna cuí-mhínithe, ar choinníoll:***

***(a) gur theip ar an bpríomhúdarás maoirseachta imscrúdú a dhéanamh ar ghnéithe uile na hachoimre ar na príomh-shaincheisteanna ar thángthas ar chomhdhearcadh maidir leo de bhun Airteagal 10(5) nó Airteagal 11(5), nó gur theip air cinneadh ceangailteach an Bhoird faoi Airteagal 11(8) a chomhlíonadh; nó***

***(b) go léiríonn gnéithe nua, nach raibh fáil orthu tráth ar thángthas ar chomhdhearcadh maidir leis an achoimre ar na príomh-shaincheisteanna de bhun Airteagal 10(5) nó Airteagal 11(5), nó tráth a rinne an Bord cinneadh ceangailteach faoi Airteagal 11(8), go bhfuil riosca suntasach ag baint leis an dréachtchinneadh a mhéid a bhaineann le cearta bunúsacha agus saoirsí an ábhair sonraí agus, i gcás inarb infheidhme, le saorshreabhadh sonraí pearsanta laistigh den Aontas; nó sa dá chás araon.***

3. Beidh agóid ábhartha réasúnaithe ***soiléir, comhleanúnach agus beacht go leor agus, i gcás inar gá, sainaithneofar inti na gnéithe den dréachtchinneadh atá le leasú chun a chur ar chumas na n-údarás maoirseachta a seasaimh a ullmhú agus, de réir mar a bheidh, chun a chur ar chumas an Bhoird an díospóid a réiteach go héifeachtúil.***

# Caibidil IV

# Comhad riaracháin, *comhad comhair* agus faisnéis rúnda a láimhseáil

*Airteagal 24*

*Comhad riaracháin*

1. Is é a bheidh sa chomhad riaracháin in imscrúdú a bhaineann le sárú líomhnaithe ar Rialachán (AE) 2016/679 na doiciméid a fuair ***an príomhúdarás maoirseachta agus na húdaráis mhaoirseachta eile lena mbaineann, nó a tháirg siad,*** agus a bhailigh an príomhúdarás maoirseachta le linn an nós imeachta imscrúdaithe, ***lena n-áirítear an fhianaise inchoiritheach agus shaorthach uile***.

***Ní áireofar sa chomhad riaracháin cumarsáid inmheánach laistigh d'údarás maoirseachta.***

2. ***Arna iarraidh sin do pháirtí faoi*** imscrúdú***, nó do ghearánach i gcás ina bhféadfadh an cinneadh dochar a dhéanamh dá leasanna, tabharfaidh*** an príomhúdarás maoirseachta ***rochtain ar an gcomhad riaracháin do na páirtithe faoi*** imscrúdú***, nó don ghearánach, lena gcuirfear ar a gcumas a gceart chun éisteacht a fháil a fheidhmiú***.

***Beidh an chéad fhomhír gan dochar do rialacha níos fabhraí maidir le rochtain a thabhairt ar an gcomhad*** riaracháin ***faoi dhlí náisiúnta an phríomhúdaráis maoirseachta***.

***I gcás ina dtugtar rochtain i gcomhréir leis an gcéad fhomhír, tabharfaidh an príomhúdarás maoirseachta rochtain den sórt sin don pháirtí faoi imscrúdú, agus tabharfaidh an t-údarás maoirseachta lenar taisceadh an gearán an rochtain den sórt sin don ghearánach.***

3. ***Déanfar*** na doiciméid ***seo a leanas nó codanna de na doiciméid seo a leanas a eisiamh ó rochtain, d'ainneoin cibé a dheonaítear nó nach ndeonaítear rochtain faoi dhlí an Aontais nó faoin dlí náisiúnta:***

***(a) comhfhreagras nó plé idir na húdaráis mhaoirseachta;***

***(b) faisnéis rúnda de bhun Airteagal 25(1).***

4. ***Ní thabharfaidh an príomhúdarás maoirseachta*** rochtain ar agóidí ábhartha réasúnaithe arna gcur isteach de bhun Airteagal 60(4) de Rialachán (AE) 2016/679 ***ar ar a mbonn a bheartaíonn an t-údarás maoirseachta sin dréachtchinneadh athbhreithnithe a ghlacadh ach amháin i gcás inar gá rochtain den sórt sin chun a chur ar chumas na bpáirtithe faoi imscrúdú nó ar chumas an ghearánaigh a dtuairimí a chur in iúl agus a gcearta a chosaint***.

*Airteagal 25*

*Faisnéis rúnda a shainaithint agus a chosaint*

1. ***Measfar aon fhaisnéis, doiciméid nó codanna de dhoiciméid a bheith rúnda*** a mhéid ***atá rúin trádála iontu mar a shainmhínítear i dTreoir (AE) 2016/943*** ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle[5] nó faisnéis rúnda eile ***i gcomhréir le dlí an Aontais nó leis an dlí náisiúnta***.

2. ***Mura bhforáiltear a mhalairt le dlí an Aontais nó leis an dlí náisiúnta,*** ní dhéanfar faisnéis arna bailiú***, arna táirgeadh*** nó arna fáil ag údarás maoirseachta i gcás a bhaineann le próiseáil trasteorann faoi Rialachán (AE) 2016/679***, a mheastar a bheith rúnda de bhun mhír 1, a chur in iúl ná a chur ar fáil do pháirtí faoi imscrúdú, do ghearánach ná d'aon tríú duine.***

▌

3. ***Déanfaidh páirtí faoi imscrúdú, gearánach, nó tríú duine*** a chuireann faisnéis isteach a mheasann sé a bheith rúnda an fhaisnéis sin a shainaithint go soiléir, agus tabharfaidh sé cúiseanna leis an rúndacht a éilítear. ***Soláthróidh an páirtí faoi imscrúdú, an gearánach, nó an tríú duine an leagan iomlán den fhaisnéis i gcónaí. I gcás inar féidir, soláthróidh sé*** leagan neamhrúnda ***beartaithe*** freisin ▌.

---

5 Treoir (AE) 2016/943 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 8 Meitheamh 2016 maidir le fios gnó agus faisnéis ghnó neamhnochta (rúin trádála) a chosaint i gcoinne a n-éadála, a n-úsáide agus a nochta neamhdhleathaigh (IO L 157, 15.6.2016, lch. 1, ELI: http://data.europa.eu/eli/dir/2016/943/oj).

4. Gan dochar do mhír 3, féadfaidh an t-údarás maoirseachta ***a gcuirtear an fhaisnéis faoina bhráid*** a cheangal ar na páirtithe faoi imscrúdú, nó ar aon duine eile a chuireann doiciméid isteach, na doiciméid nó codanna de na doiciméid a shainaithint a measann siad rúin ***trádála*** nó faisnéis rúnda eile dá gcuid a bheith iontu agus na daoine lena mbaineann a shainaithint maidir le rúndacht na rún trádála sin nó faisnéis rúnda eile.

5. ***Socróidh*** an ▌ t-údarás maoirseachta ***a gcuirtear an fhaisnéis faoina bhráid*** teorainn ama ***iomchuí nach faide ná sé seachtaine*** do pháirtithe faoi imscrúdú agus d'aon duine eile a mhaíonn go bhfuil an fhaisnéis arna cur isteach faoi rún, chun an méid seo a leanas a dhéanamh:

(a) bunús a thabhairt lena maímh go bhfuil rúin ***trádála*** nó faisnéis rúnda eile san fhaisnéis arna cur isteach maidir le gach doiciméad aonair nó cuid de dhoiciméad, ráiteas nó cuid de ráiteas;

(b) leagan neamhrúnda de na doiciméid agus de na ráitis ***a mholadh, i gcás inar féidir***, ina ndéantar na rúin ***trádála*** nó faisnéis rúnda eile a fholú;

(c) tuairisc ghonta, neamhrúnda a thabhairt ar gach píosa faisnéise folaithe.

6. Mura gcomhlíonann na páirtithe faoi imscrúdú ná aon duine eile míreanna ***4 agus 5***, féadfaidh an t-údarás maoirseachta ***a gcuirtear an fhaisnéis faoina bhráid*** glacadh leis nach bhfuil rúin ***trádála*** ná faisnéis rúnda eile sna doiciméid ná sna ráitis lena mbaineann.

***7. Cinnfidh an t-údarás maoirseachta a gcuirtear an fhaisnéis faoina bhráid cibé acu atá nó nach bhfuil an fhaisnéis nó codanna ábhartha agus sonracha de dhoiciméid rúnda, i gcomhréir le mír 1. Áiritheoidh sé go mbeidh folú doiciméad teoranta don mhéid is gá agus is comhréireach chun an fhaisnéis rúnda a chosaint. Cuirfidh an t-údarás maoirseachta a gcuirtear an fhaisnéis faoina bhráid na húdaráis mhaoirseachta eile ar an eolas faoi chineál rúnda na faisnéise nuair a tharchuirtear í.***

***8. Maidir le faisnéis a mheastar gur faisnéis rúnda í faoi dhlí náisiúnta an údaráis maoirseachta a gcuirtear an fhaisnéis faoina bhráid agus a mhalartaítear idir údaráis mhaoirseachta i gcur i bhfeidhm Rialachán (AE) 2016/679, leanfaidh sí de bheith rúnda don údarás maoirseachta a fhaigheann í.***

*Airteagal 26*

***Comhad comhair***

***1. Chun faisnéis ábhartha a mhalartú idir an príomhúdarás maoirseachta agus na húdaráis mhaoirseachta eile lena mbaineann i gcomhréir le hAirteagal 9, áiritheoidh an príomhúdarás maoirseachta go gcuirfear faisnéis ábhartha den sórt sin ar fáil trí chomhad comhair a bheidh tiomnaithe do gach gearán nó imscrúdú. Áireofar sa chomhad comhair an fhaisnéis uile a mhalartaítear de bhun Airteagal 9.***

***2. Coinneofar an comhad comhair i bhfoirm leictreonach agus, trí bhíthin uirlis leictreonach choiteann, beidh rochtain chianda ag údaráis mhaoirseachta air agus, tráth a tharchuirtear ábhar chuig réiteach díospóide faoi Airteagal 65(1), pointe (a), de Rialachán (AE) 2016/679, agus, i gcás inarb infheidhme, nuair a iarrtar tuairim phráinneach nó cinneadh ceangailteach práinneach de bhun Airteagal 66 de Rialachán (AE) 2016/679, ag an mBord. Ní bheidh rochtain dhíreach ag páirtithe faoi imscrúdú, ag gearánaigh ná ag tríú daoine ar an gcomhad comhair.***

## Caibidil V

## Réiteach díospóide

*Airteagal 27*

*Tarchur chuig réiteach díospóide faoi Airteagal 65****(1), pointe (a),*** *de Rialachán (AE) 2016/679*

***1. Laistigh de 3 mhí ó dhul in éag na tréimhse dá dtagraítear in Airteagal 60(4) de Rialachán (AE) 2016/679, cuirfidh an príomhúdarás maoirseachta dréachtchinneadh athbhreithnithe isteach de bhun Airteagal 60(5) de Rialachán (AE) 2016/679 nó tarchuirfidh sé an t-ábhar chuig an mBord chun an díospóid a réiteach faoi Airteagal 65(1), pointe (a) de Rialachán (AE) 2016/679.***

***2. Laistigh de 3 mhí ó dhul in éag na tréimhse dá dtagraítear in Airteagal 60(5) de Rialachán (AE) 2016/679, cuirfidh an príomhúdarás maoirseachta dréachtchinneadh athbhreithnithe eile isteach faoi 60(5) de Rialachán (AE) 2016/679 nó tarchuirfidh sé an t-ábhar chuig an mBord chun an díospóid a réiteach faoi Airteagal 65(1), pointe (a) de Rialachán (AE) 2016/679.***

3. Nuair a bheidh an t-ábhar á tharchur chuig réiteach díospóide aige ***faoi Airteagal 65, pointe (a) de Rialachán (AE) 2016/679***, soláthróidh an príomhúdarás maoirseachta an méid seo a leanas don Bhord ▌:

(a) an dréachtchinneadh nó an dréachtchinneadh athbhreithnithe atá faoi réir na n-agóidí ábhartha réasúnaithe;

(b) achoimre ar na fíorais ábhartha;

▌

(c) tuairimí arna dtabhairt i scríbhinn ag na páirtithe faoi imscrúdú de bhun Airteagal 19 agus, de réir mar a bheidh, Airteagal 22 den Rialachán seo***, ar a laghad a mhéid a bhaineann na tuairimí sin leis an ábhar arna chur faoi bhráid an Bhoird***;

(d) tuairimí a thugann gearánaigh i scríbhinn, de réir mar a bheidh, de bhun Airteagail 16, 17 agus 20 den Rialachán seo ***ar a laghad a mhéid a bhaineann na tuairimí sin leis an ábhar arna chur faoi bhráid an Bhoird***;

(e) na hagóidí ábhartha réasúnaithe nár lean an príomhúdarás maoirseachta***, agus na hagóidí ar dhiúltaigh an príomhúdarás maoirseachta dóibh toisc nach raibh siad ábhartha ná réasúnaithe;***

(f) na cúiseanna ar a mbonn nár lean an príomhúdarás maoirseachta na hagóidí ábhartha réasúnaithe nó ***inar dhiúltaigh sé*** do na hagóidí ***toisc nach raibh siad*** ▌ ábhartha ná réasúnaithe.

▌

***4. Féadfaidh an Bord tuilleadh doiciméad a iarraidh ar údarás maoirseachta maidir leis an ábhar arna chur faoina bhráid.***

5. ***Déanfaidh*** an Bord, laistigh de 4 seachtaine tar éis na doiciméid agus an fhaisnéis dá dtagraítear i mír 3 den Airteagal seo ***a sholáthar dó, réamhchinneadh i dtaobh an agóidí ábhartha réasúnaithe iad na hagóidí dá dtagraítear in Airteagal 65(1), pointe (a), de Rialachán (AE) 2016/679 agus an gcomhlíonann siad Airteagal 23 den Rialachán seo***. ***Laistigh den tréimhse chéanna sin, cláróidh Cathaoirleach an Bhoird tarchur an ábhair arna chur faoina bhráid. A luaithe a chláraítear an tarchur, cuirfear an comhad ar fáil do chomhaltaí an Bhoird.***

***6.	Maidir leis an tréimhse chun cinneadh ceangailteach an Bhoird dá bhforáiltear in Airteagal 65(2) de Rialachán (AE) 2016/679 a ghlacadh, ní bheidh sí ar bun le linn na tréimhse dá bhforáiltear i mír 5 den Airteagal seo.***

▌

*Airteagal 28*

***Éisteacht a thabhairt don pháirtí faoi imscrúdú agus don ghearánach*** *sula nglacfar an cinneadh faoi Airteagal 65(1), pointe (a), de Rialachán (AE) 2016/679*

1.	Sula nglacfaidh sé an cinneadh ceangailteach faoi Airteagal 65(1), pointe (a), de Rialachán (AE) 2016/679, ▌ tabharfaidh an ▌ Bord ***deis don pháirtí*** faoi imscrúdú***, nó, i gcás ina bhféadfadh*** diúltú do ghearán go hiomlán nó go páirteach nó é a dhíbhe go hiomlán nó go páirteach ***a bheith mar thoradh ar chinneadh an Bhoird***, don ghearánach***, a dtuairimí a chur in iúl i scríbhinn maidir le haon ghné fhíorasach nó dhlíthiúil nua ar a bhfuil a chinneadh le bunú, lena n-áirítear ar*** na hagóidí ábhartha réasúnaithe ***a bhfuil sé beartaithe aige a leanúint ina*** chinneadh.

2.	***I gcás ina dtugtar deis don pháirtí*** faoi imscrúdú nó ***don ghearánach***, de réir mar is infheidhme, a dtuairimí a chur in iúl ***i gcomhréir*** le mír 1***, socróidh an Bord teorainn ama iomchuí nach faide ná dhá sheachtain chun a dtuairimí a chur in iúl.***

3.	▌ ***Cuirfear*** an tréimhse chun cinneadh ceangailteach an Bhoird a ghlacadh ***dá bhforáiltear in*** Airteagal 65(2) de Rialachán (AE) 2016/679 ***ar fionraí go dtí go mbeidh a dtuairimí curtha in iúl ag an bpáirtí faoi imscrúdú nó ag an ngearánach, de réir mar is infheidhme, nó go dtí go rachaidh an teorainn ama dá dtagraítear i mír 2 den Airteagal seo in éag, cibé acu is túisce***.

▌

*Airteagal 29*

*An nós imeachta i ndáil le cinneadh faoi Airteagal 65(1), pointe (b), de Rialachán (AE) 2016/679*

1. Agus ábhar á tharchur chuig an mBord faoi Airteagal 65(1), pointe (b), de Rialachán (AE) 2016/679, soláthróidh an t-údarás maoirseachta a dhéanann an tarchur na nithe seo a leanas don Bhord:

   (a) achoimre ar na fíorais ábhartha***, lena n-áirítear maidir leis an bpróiseáil atá i gceist***;

   (b) an measúnú ar na fíorais ábhartha sin chun a shuí an bhfuil údarás maoirseachta inniúil chun gníomhú mar phríomhúdarás maoirseachta de bhun Airteagal 56(1) de Rialachán (AE) 2016/679***, go háirithe an measúnú ar cé acu atá nó nach bhfuil an phróiseáil le meas mar phróiseáil trasteorann agus an áit a bhfuil príomhbhunaíocht an rialaitheora nó an phróiseálaí lonnaithe***;

   (c) tuairimí arna gcur in iúl ag an rialaitheoir nó ag an bpróiseálaí arb í a phríomhbhunaíocht is ábhar don tarchur;

   (d) tuairimí údarás maoirseachta eile lena mbaineann an tarchur;

   (e) aon doiciméad nó faisnéis eile a mheasann an t-údarás maoirseachta a dhéanann an tarchur a bheith ábhartha agus riachtanach chun teacht ar réiteach ar an ábhar.

***2. Féadfaidh an Bord tuilleadh doiciméad a iarraidh ar údarás maoirseachta maidir leis an ábhar arna chur faoina bhráid.***

3. ***Laistigh de sheachtain amháin tar éis na doiciméid agus an fhaisnéis dá dtagraítear i mír 1 a sholáthar dó,*** cláróidh Cathaoirleach an Bhoird tarchur ***an ábhair arna chur faoina bhráid***. ***A luaithe a chlárófar an tarchur, cuirfear an comhad ar fáil do chomhaltaí an Bhoird.***

*Airteagal 30*

*An nós imeachta i ndáil le cinneadh faoi Airteagal 65(1), pointe (c), de Rialachán (AE) 2016/679*

1. Agus ábhar á tharchur chuig an mBord faoi Airteagal 65(1), pointe (c), de Rialachán (AE) 2016/679, soláthróidh an t-údarás maoirseachta nó an Coimisiún an méid seo a leanas don Bhord:

(a) achoimre ar na fíorais ábhartha;

(b) an tuairim, de réir mar a bheidh, arna heisiúint ag an mBord de bhun Airteagal 64 de Rialachán (AE) 2016/679; nó ***an cinneadh, de réir mar a bheidh, arna ghlacadh ag an údarás maoirseachta inniúil tar éis na tuairime arna heisiúint ag an mBord de bhun Airteagal 64 de Rialachán (AE) 2016/679;***

(c) tuairimí an údaráis maoirseachta a tharchuireann an t-ábhar nó tuairimí an Choimisiúin i dtaobh, de réir mar a bheidh, an raibh sé de cheangal ar údarás maoirseachta an dréachtchinneadh a tharchur chuig an mBord de bhun Airteagal 64(1) de Rialachán (AE) 2016/679, nó nár lean údarás maoirseachta an tuairim ón mBord arna heisiúint de bhun Airteagal 64 de Rialachán (AE) 2016/679***, lena n-áirítear léiriú ar na codanna den tuairim sin nár leanadh agus tagairt don chuid ábhartha den chinneadh arna ghlacadh***.

2. Iarrfaidh an ▌ Bord an méid seo a leanas:

(a) tuairimí an údaráis maoirseachta a líomhnaítear gur sháraigh sé an ceanglas maidir le dréachtchinneadh a tharchur chuig an mBord nó nár lean sé tuairim an Bhoird;

(b) aon doiciméad nó faisnéis eile a mheasann an t-údarás maoirseachta sin a bheith ábhartha agus riachtanach chun teacht ar réiteach ar an ábhar.

***3. Féadfaidh an Bord tuilleadh doiciméad a iarraidh ar údarás maoirseachta maidir leis an ábhar arna chur faoina bhráid.***

4. ***Laistigh de sheachtain amháin tar éis na doiciméid agus an fhaisnéis dá dtagraítear i mír 2 a sholáthar dó,*** cláróidh Cathaoirleach an Bhoird tarchur ***an ábhair arna chur faoina bhráid***. ***A luaithe a chláraítear an tarchur, cuirfear an comhad ar fáil do chomhaltaí an Bhoird.***

5. Má dhearbhaíonn aon údarás maoirseachta go bhfuil sé de rún aige a thuairimí maidir leis an ábhar a tarchuireadh a chur isteach, cuirfidh sé na tuairimí sin isteach laistigh de 2 sheachtain ón tarchur dá dtagraítear i mír 1.

▌

# Caibidil VI

# Nós imeachta práinne

*Airteagal 31*

***Tuairim** phráinneach faoi Airteagal 66(2) de Rialachán (AE) 2016/679*

1. Iarraidh ar thuairim phráinneach ón mBord de bhun Airteagal 66(2) de Rialachán (AE) 2016/679, déanfar í tráth nach déanaí ná ***4*** seachtaine roimh dhul in éag na mbeart sealadach arna nglacadh faoi Airteagal 66(1) de Rialachán (AE) 2016/679 agus beidh na nithe seo a leanas inti:

   (a) achoimre ar na fíorais ábhartha***, lena n-áirítear na líomhaintí maidir le sárú ar Rialachán (AE) 2016/679***;

   (b) an beart sealadach arna ghlacadh ar chríoch ***Bhallstát an údaráis maoirseachta a d'iarr an tuairim phráinneach***, fad an bhirt agus na cúiseanna lena ghlacadh, lena n-áirítear bonn cirt leis an ngéarghá a bhaineann le gníomhú chun cearta agus saoirsí na n-ábhar sonraí a chosaint;

   (c) bonn cirt leis an ngéarghá a bhaineann le bearta críochnaitheacha a ghlacadh ▌, lena n-áirítear tuairisc ar chineál eisceachtúil na n-imthosca a dteastaíonn glacadh na mbeart críochnaitheach sin uathu.

▌

2. ***Féadfaidh an Bord tuilleadh doiciméad a iarraidh ar údarás maoirseachta maidir leis an ábhar arna chur faoina bhráid chun tuairim phráinneach a fháil.***

3. ***Laistigh de sheachtain amháin tar éis na doiciméid agus an fhaisnéis dá dtagraítear i mír 1 a sholáthar dó, cláróidh Cathaoirleach an Bhoird tarchur an ábhair arna chur faoina bhráid. A luaithe a chláraítear an tarchur, cuirfear an comhad ar fáil do chomhaltaí an Bhoird.***

*Airteagal 32*

***Cinneadh*** *práinneach* ***ceangailteach*** *faoi Airteagal 66(2) de Rialachán (AE) 2016/679*

1. Iarraidh ar chinneadh ***ceangailteach*** práinneach ón mBord de bhun Airteagal 66(2) de Rialachán (AE) 2016/679, déanfar í tráth nach déanaí ná ***4*** seachtaine roimh dhul in éag na mbeart sealadach arna nglacadh faoi Airteagal 61(8), Airteagal 62(7), nó Airteagal 66(1) de Rialachán (AE) 2016/679. Beidh na nithe seo a leanas san iarraidh sin:

   (a) achoimre ar na fíorais ábhartha***, lena n-áirítear na líomhaintí maidir le sárú ar Rialachán (AE) 2016/679***;

   (b) an beart sealadach arna ghlacadh ar chríoch Bhallstát an údaráis maoirseachta a d'iarr an cinneadh ceangailteach práinneach, fad an chinnidh sin agus na cúiseanna lena ghlacadh, lena n-áirítear bonn cirt leis an ngéarghá a bhaineann le gníomhú chun cearta agus saoirsí na n-ábhar sonraí a chosaint;

(c) faisnéis faoi aon bhearta imscrúdaitheacha arna ndéanamh ar chríoch Bhallstát an údaráis maoirseachta a iarrann an cinneadh ceangailteach práinneach agus faisnéis faoi na freagairtí arna bhfáil ó ▌ na páirtithe faoi imscrúdú nó aon fhaisnéis eile atá i seilbh an údaráis maoirseachta iarrthaigh sin;

(d) bonn cirt leis an ngéarghá atá le bearta críochnaitheacha atá le glacadh ▌, agus aird á tabhairt ar chineál eisceachtúil na n-imthosca a dteastaíonn glacadh na mbeart sin uathu, nó cruthúnas gur theip ar údarás maoirseachta Airteagal ***61(5)*** nó Airteagal 62(2) de Rialachán (AE) 2016/679 ***a chomhlíonadh***; ▌

(e) i gcás nach é an t-údarás maoirseachta iarrthach an príomhúdarás maoirseachta, tuairimí an phríomhúdaráis maoirseachta;

(f) i gcás inarb infheidhme, tuairimí bhunaíocht áitiúil na bpáirtithe faoi imscrúdú ***ar díríodh*** na bearta sealadacha dá dtagraítear in Airteagal 66(1) de Rialachán (AE) 2016/679 ***orthu***.

***2. Féadfaidh an Bord tuilleadh doiciméad a iarraidh ar údarás maoirseachta maidir leis an ábhar arna chur faoina bhráid.***

***3. Laistigh de sheachtain amháin tar éis dó na doiciméid agus an fhaisnéis dá dtagraítear i mír 1 a fháil, cláróidh Cathaoirleach an Bhoird tarchur an ábhair arna chur faoina bhráid. A luaithe a chláraítear an tarchur, cuirfear an comhad ar fáil do chomhaltaí an Bhoird.***

▌

4. I gcás ina nglacann an Bord cinneadh ceangailteach práinneach lena sonraítear go ndéanfar bearta críochnaitheacha a ghlacadh, glacfaidh an t-údarás maoirseachta a ndírítear an cinneadh air bearta den sórt sin sula dtéann na bearta sealadacha arna nglacadh faoi Airteagal 66(1) de Rialachán (AE) 2016/679 in éag.

5. I gcás ina léirítear le cinneadh ceangailteach práinneach nach gá bearta críochnaitheacha a ghlacadh go práinneach, leanfaidh an príomhúdarás maoirseachta agus na húdaráis mhaoirseachta eile lena mbaineann an nós imeachta in Airteagal 60 de Rialachán (AE) 2016/679.

### *Airteagal 33*

### ***Tuairim phráinneach nó cinneadh práinneach ceangailteach faoi Airteagal 66(3) de Rialachán (AE) 2016/679***

***1. Beidh na nithe seo a leanas in iarraidh ar thuairim phráinneach nó cinneadh práinneach ceangailteach ón mBord de bhun Airteagal 66(3) de Rialachán (AE) 2016/679:***

***(a) achoimre ar na fíorais ábhartha;***

***(b) bonn cirt leis an ngá práinneach atá le bearta iomchuí a dhéanamh chun cearta agus saoirsí na n-ábhar sonraí a chosaint, agus aird á tabhairt ar na himthosca eisceachtúla a dteastaíonn glacadh beart den sórt sin uathu, go háirithe aon ghnéithe ar cheart don údarás maoirseachta inniúil iad a chur san áireamh chun cearta agus saoirsí na n-ábhar sonraí a chosaint;***

*(c) i gcás inarb ábhartha agus ina bhfuil sí ar fáil, faisnéis faoi aon bhearta imscrúdaitheacha arna ndéanamh ag an údarás maoirseachta iarrthach ar chríoch Bhallstát an údaráis maoirseachta a d'iarr tuairim phráinneach nó cinneadh ceangailteach práinneach agus freagraí arna bhfáil ó na páirtithe faoi imscrúdú nó aon fhaisnéis eile atá i seilbh an údaráis maoirseachta iarrthaigh sin;*

*(d) tuairimí an údaráis maoirseachta inniúil dá dtagraítear in Airteagal 66(3) de Rialachán (AE) 2016/679.*

*2. Féadfaidh an Bord tuilleadh doiciméad a iarraidh ar údarás maoirseachta maidir leis an ábhar arna chur faoina bhráid.*

*3. Laistigh de sheachtain amháin tar éis na doiciméid agus an fhaisnéis dá dtagraítear i mír 1 a sholáthar dó, cláróidh Cathaoirleach an Bhoird tarchur an ábhair arna chur faoina bhráid. A luaithe a chláraítear an tarchur, cuirfear an comhad ar fáil do chomhaltaí an Bhoird.*

## Caibidil VII

## Forálacha ginearálta agus críochnaitheacha

*Airteagal 34*

*Staidreamh forfheidhmithe maidir le cásanna a bhaineann le próiseáil trasteorann*

*1. Mar chuid den tuarascáil bhliantúil atá le tarraingt suas faoi Airteagal 71 de Rialachán (AE) 2016/679, soláthróidh an Bord staidreamh maidir le forfheidhmiú Rialachán (AE) 2016/679 i gcásanna a thagann faoi raon feidhme an Rialacháin seo, agus go háirithe:*

*(a) líon na gcásanna atá bunaithe ar ghearáin agus líon na gcásanna ex officio a tionscnaíodh;*

*(b) líon na gcásanna atá bunaithe ar ghearáin agus líon na gcásanna ex officio a tugadh i gcrích;*

***(c)*** ***líon na n-imscrúduithe arna n-iarraidh ag na húdaráis mhaoirseachta lena mbaineann de bhun Airteagal 61(1) de Rialachán (AE) 2016/679;***

***(d)*** ***líon na ngearán arna dtaisceadh;***

***(e)*** ***líon na ngearán ar diúltaíodh dóibh go hiomlán nó go páirteach nó a díbheadh go hiomlán nó go páirteach;***

***(f)*** ***meánfhad cásanna atá bunaithe ar ghearáin agus cásanna ex officio a tugadh i gcrích;***

***(g)*** ***líon agus méideanna na bhfíneálacha riaracháin arna bhforchur de bhun Airteagail 83 agus 84 de Rialachán (AE) 2016/679.***

***2.*** ***I gcás nach mbeidh an staidreamh dá dtagraítear i mír 1 ar fáil go díreach don Bhord, déanfaidh na húdaráis mhaoirseachta, arna iarraidh sin, iad a sholáthar don Bhord go tráthúil.***

***Airteagal 35***

***Tuarascáil ón gCoimisiún***

***Mar chuid dá thuarascáil ar mheastóireacht agus athbhreithniú Rialachán (AE) 2016/679 faoi Airteagal 97 de Rialachán (AE) 2016/679, déanfaidh an Coimisiún tuairisciú freisin ar chur i bhfeidhm agus ar fheidhmiú an Rialacháin seo.***

*Airteagal 36*

*Forálacha idirthréimhseacha*

Beidh feidhm ag Caibidlí III agus IV maidir le himscrúduithe *ex officio* arna n-oscailt ... [***15 mhí ó dháta*** theacht i bhfeidhm an Rialacháin seo] agus maidir le himscrúduithe atá bunaithe ar ghearáin i gcás inar taisceadh an gearán ... [***15 mhí ó dháta*** theacht i bhfeidhm an Rialacháin seo].

Beidh feidhm ag ***Caibidlí*** V ***agus VI*** maidir leis na cásanna uile a tharchuirtear chuig réiteach díospóide faoi Airteagal 65 ***agus nós imeachta práinne faoi Airteagal 66(2) agus (3)*** de Rialachán (AE) 2016/679 ... [***15 mhí ó dháta*** theacht i bhfeidhm an Rialacháin seo].

*Airteagal 37*

*Teacht i bhfeidhm* ***agus cur i bhfeidhm***

***1.*** Tiocfaidh an Rialachán seo i bhfeidhm an fichiú lá tar éis lá a fhoilsithe in *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh*.

***2.*** Beidh feidhm ag an Rialachán seo ***ón ... [15 mhí ó dháta theacht i bhfeidhm*** an Rialacháin seo].

Beidh an Rialachán seo ina cheangal go huile agus go hiomlán agus beidh sé infheidhme go díreach i ngach Ballstát.

Arna dhéanamh i/in/sa ...,

*Thar ceann Pharlaimint na hEorpa*

*An tUachtarán*

*Thar ceann na Comhairle*

*An tUachtarán*